Údaráis Áitiúla Chiarraí

Comhar, Caobhair, Cairdeas

Tuarascáil Bhliantúil 2010



CLÁR

RÉAMHRÁ AN MHÉARA 3
RÁITEAS AN BHAINISTEOIR CHONTAE 4

TUAIRISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
Baill Chomhairle Contae Chiarraí 7
Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle 12
Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar 14
Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach 14
Baill na mBord/na gCoistí 20
Comhdhálacha 22
Costais Toghcháin na nlarrthóirí 27

TUAIRISCÍ FEIDHME NA STIÚRTHÓIRÍ
Stiúrthóir Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta 30
Stiúrthóir Bóithre, Iompair & Sábháilteachta 33
Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil 37
Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Éigeandála 40
Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana 47
Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta 53
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha 59

RÁITEAS AIRGEADAIS
Bainistíocht Airgeadais 62

TUAIRISC Ó BHORD FIONTAR CONTAE CHIARRAÍ 68

TUAIRISCÍ NA GCOMHAIRLÍ BAILE
Trá Lí 70
Cill Airne 84
Lios Tuathail 96

TÁSCAIRÍ NÁISIÚNTA SEIRBHÍSE 105

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT 116

ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN CORPARÁIDEACH 117

Réamhrá An Mhéara

Mar Mhéara Chiarraí, cúis mhór áthais domsa Tuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúla Chiarraí a chur i láthair.

Bhí an Chomhairle seo ag saothrú leo i measc cúinsí geilleagair a bhí éiginnte agus diúltach don chuid is mó. Mar sin féin tá an-chuid oibre déanta ag foireann Chomhairle Contae Chiarraí chun an contae a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn.

Dom féin, ar son ár gcomhairleoirí tofa agus ar son pobal Chiarraí, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leo don mhéid atá déanta acu.

Sioc agus sneachta thar a bhfacamar riamh a bhí romhainn le linn dúluachair na bliana agus isteach go tús 2010. Ar ndóigh chuaigh an méid sin i bhfeidhm go mór ar gach éinne idir an pobal i gcoitinne agus lucht gnó. Caithfear foireann Chomhairle Contae Chiarraí agus áisínteachtaí eile a mholadh go hard as cúrsaí an chontae a bheith ag leanúint ar aghaidh, fiú is nach mbíodh an dara rogha againn ach seirbhísí a laghdú.

In ainneoin na drochaimsire bhí foireann na Comhairle amuigh ó dhubh go dubh chun go mbeadh na bóithre ba mhó tráchta sa chontae sábháilte, fad a bhí na seirbhísí uisce agus tithíochta ar a ndícheall freisin chun cruatan na ndaoine a laghdú go mór.

Dá bharr san bhí ciall cheannaithe ag gach éinne agus taithí níos fearr againn ar an ndochaimsir nuair a bhí sí romhainn arís ag deireadh na bliana 2010; is dóigh liom go rabhamar ábalta déileáil níos fearr le seirbhísí an t-am san mar gheall ar an dtaithí úd.

Tá gaiscí áirithe déanta le linn 2010, ar dtús osclaíodh Seachród Oileán Chiarraí, áis mhór a ghiorróidh an turas go Ciarraí. Ansan tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscnamh Seachród Trá Lí le súil go dtosnófar ar an dtógáil go luath i 2011.

Ba mhaith liom anois buíochas a ghabháil libhse na Comhairleoirí tofa do na hiarrachataí atá déanta agaibh go léir ar son phobal Chiarraí le linn 2010. Tá saol an chomhairleora deacair go leor faoi láthair, cinnte le déanamh agus dúshláin romhainn mar gheall ar chúlú eacnamaíochta. Mar sin féin bíonn sibh ag comhoibriú le bainistíocht na Comhairle chun leas an chontae a bhrú ar aghaidh. I dteannta a chéile cinnteoimid gur áit iontach a bheidh i gCiarraí don phobal, don lucht oibre agus do chuairteoirí.

An Comh Pat Leahy
Méara Chiarraí

Ráiteas an Bhainisteor Chontae

Mar Bhainisteoir Chontae Chiarraí, is maith liom go mór an Tuarascáil Bhliantúil 2010 a chur i láthair.

Caithfear a admháil gur cuireadh an tuarascáil seo le chéile i measc deacrachtaí airgeadais ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Mar is léir ins na codanna cuí anso chuaigh an méid sin go léir i bhfeidhm go mór ar obair na Comhairle Contae agus gan amhras ar na Comhairlí baile chomh maith, Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail.

Tá deacrachtaí ag cách, an Rialtas Lárnach san áireamh, agus leanann buiséid laghdaithe idir áitiúil agus náisiúnta a leithéid de ghearradh siar. Bíonn sé deacair ar an gComhairle leanúint de seirbhísí riachtanacha a sholáthar ar fud an chontae agus laghdú foirne i gceist go minic.

Ní fheictear dúinn go mbeidh feabhas ar an scéal amach anseo agus dá dheasca san beidh cinntí nach beag le tógaint maidir le soláthar seirbhísi na Comhairle.

Cheana féin táthar tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na ranna ar fad, i dtreo nósanna nua oibre agus riaradh foirne laistigh den eagraíocht. I dteannta an mhéid sin tá iniúchadh ar bun maidir le margadh maith a fháil i gcónaí agus caithfear cleachtais Comhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur i bhfeidhm. Is fíor mar sin a dheimhniú go mbeidh dúshláin romhainn go léir idir Chomhairle Contae agus Comhairlí Baile má táimid chun na seirbhísí ceannann céanna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Chiarraí.

Maidir leis na cinnte deacra úd a thógfar beidh ar Chomhairle Contae Chiarraí díriú isteach go háirithe ar na seirbhísi lárnacha, uisce ags fuíolluisce, bóithre, tithíocht agus cosaint chomhshaoil.

É sin go léir ráite, áfach, agus an ghéarchéim eacnamaíochta atá i réim faoi láthair, caithfear a thuiscint go bhfuil buiséad mór go leor beagnach €130m don bhliain 2010 chun ár gcláir oibre a chur i gcrích.

Ní mór dom anois cur lena bhfuil ráite cheana féin ag an Méara agus an fhoireann a mholadh go hard as a bhfuil déanta acu le linn na drochaimsire ag tús agus ag deireadh na bliana 2010. Léirigh gach aon duine acu dílseacht agus tiomantas thar na bearta chun an contae a choimeád ar siúl mar is gnáth. Ní fhéadfadh ach dea-theist a bheith ar na seirbhísí poiblí anso dá bharr.

Go deimhin léiríodh an tiomantas céanna le linn na bliana 2010. Trí fhearais nua chóireála, athnuachan píopaí agus an Liosta Gníomh Feabhais (RAL) a dhíríonn ar scéimeanna beaga soláthair, tá gaiscí déanta chun caighdeán agus sábháilteacht uisce a fheabhsú sa chontae.

Mí Dheireadh Fómhair osclaíodh Seachród Oileán Chiarraí go hoifigiúil, áis mhór a ghiorraíonn an turas idir Ciarraí agus Luimneach. Ansan arís feabhsófar cúrsaí tráchta maidir le Trá Lí agus dul chun cinn á dhéanamh ar ar dtionscnamh Seachróid le súil go dtosnófar ar an dtógáil go luath i 2011.

Cuid lárnach de gheilleagar an chontae is ea an turasóireacht agus bíonn Comhairle Contae Chiarraí an-ghnóthach i gcónaí is iad ag tacú leis na háisínteachtaí turasóireachta ar fad i gCiarraí.

De bharr go bhfuil maoiniú dírithe go háirithe ag Comhairle Contae Chiarraí chun tacú leis na háisínteachtaí céanna, tá súil agam go mbeifear in ann freastal ar thurasóirí de réir mar is mian leo féin. Beifear in ann leas a bhaint as an margadh le cúnamh Dé agus breis cuairteoirí a mhealladh anso chugainn.

Tá Comhairle Contae Chiarraí tar éis deontas a thabhairt don Chomhlacht Farantóireachta Corcaigh – Swansea mar aitheantas ar an méid atá déanta acu agus daoine á mealladh trína seirbhís siúd go dtí an Iardheisceart.

Trí Bhord Forbartha Chontae Chiarraí bíonn Comhairle Contae Chiarraí i gcónaí ag comhoibriú le háisínteachtaí fostaíochta chun timpeallacht a chruthú anso a mheallfaidh infheistíocht agus poist isteach sa chontae.

Ar ndóigh bímid i dteangabháil chomh maiath le diaspóra Chiarraí, ár muintir féin atá scaipthe ar fud an domhain mhóir. Is mór an buntáiste dúinn iad agus an scéal á scaipeadh gur togha láthair infheistíochta atá anso againn agus gur fiú go mór gnó a bhunú i gCiarraí.

Níl le déanamh anois agam ach buíochas a ghabháil leis na baill tofa as a bhfuil curtha i gcrích acu le linn na bliana 2010. Tuigeann siad na dúshláin atá rompu agus roimh fhoireann na Comhairle agus is chun leas an chontae atá an comhoibriú dearfach a bhíonn ar siúl eadrainn go léir.

Tom Curran
Bainisteoir Chontae Chiarraí

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Comhairle Contae Chiarraí

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2010

Toghcheantair Chiarraí

Baill Chomhairle: 27

Meara
Comh Pat Leahy

Leas Mheara:
Comh Marie Moloney



Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2010

Toghcheantar Áitiúil Cill Orglan

Comh Michael Cahill
(FF)
Rossbeigh,
Glenbeigh

Comh Patrick Connor-Scarteen
(FG)
5 Main St,
Kenmare

Comh PJ Donovan
(FG)
High Street,
Caherciveen

Comh Michael Healy-Rae,
Sandymount,
Kilgarvan

Comh Paul O'Donoghue,
(FF)
Castlequin,
Caherciveen

Toghcheantar Áitiúil Cill Airne

Comh Brendan Cronin,
Rathcomane,
Ballyhar,
Killarney

Comh Tom Fleming,
(FF)
Scartaglin Village,
Killarney.

Comh Michael Gleeson,
(Sth. Kerry Ind. Alliance)
Clasheen,
Killarney

Comh Danny Healy-Rae,
Main Street,
Kilgarvan

Comh Marie Moloney,
(Lab)
Coolick,
Kilcummin,
Killarney

Comh Bobby O'Connell,
(FG)
15 Main St,
Castleisland

Comh John Sheahan,
(FG)
Coolgarrive,
Tralee Road,
Killarney

Leas Mheara Chiarrai Comh Marie Moloney, Luc Van Den Brande Cathaoirleach Coiste EER Jury agus Tom Curran Bainisteoir Chontae Chiarrai ag cuairt toscaireacht EER go dti Áras an Chontae

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2010

Toghcheantar Áitiúil Trá Lí

Comh Toiréasa Ferris, (SF)
Cnocáin,
Barrow,
Ardfert

Comh Jim Finucane (FG)
6 Edward Street,
Tralee

Comh Norma Foley, (FF)
St. Josephs Guesthouse,
2 Staughton's Row,
Tralee

Comh Pat McCarthy, (FG)
Maglass,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Anne McEllistrim, (FF)
Ahane,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Terry O'Brien, (Lab)
Tonevane,
Tralee

Comh Arthur Spring (Lab)
1 Brook Lodge,
Oakview Village,
Tralee

Toghcheantar Áitiúil an Daingin

Comh Seamus Cosai Fitzgerald (FG)
Droichead Ban,
Glens,
An Daingean

Comh Brendan Griffin (FG),
Keel,
Castlemaine

Comh Michael D O'Shea (FF)
Main Street,
Milltown

Toghcheantar Áitiúil Lios Tuathail

Comh Robert Beasley, (SF)
Puicin,
Doon Road,
Ballybunion

Comh John Brassil (FF)
The Pharmacy,
Ballyheigue

Comh Tim Buckley, (FG)
Knockane,
Listowel

Comh Pat Leahy, (Lab)
Clounbrane,
Moyvane

Comh Liam Purtill (FG)
Main Street,
Ballylongford

Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle

Bíonn Cruinniú na Comhairle ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa ach amháin an dara Luan mí Mheán Fómhair, ná ní thionóltar aon chruinniú mí Lúnasa. Is i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí a thgann siad le chéile. Le linn 2010 tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 19 n-uaire.

Tá sé de dhualgas tábhachtach ar an gComhairle polasaí a dhréachtadh chun soláthar éifeachtach seirbhísí a chinntiú do phobal Chiarraí. Tógadh na cinnte móra seo a leanas le linn 2010:

- Glacadh le Clár Oibreacha Bóthar 2010 – (Cruinniú Speisialta mí Márta)
- Dhá Phlean á nDréachtadh – Ceantar Abhantrach Iardheiscirt agus Ceantar Abhantrach na Sionainne Idirnáisiúnta (Aibreán)
- Fo-Dhlíthe 2010 maidir le Reiligí Chiarraí a nDréachtadh (Meitheamh)
- Plean Ceantar Áitiúil do Cheantar Feidhme Chill Orglan 2010 – 2016 á Dhréachtadh (Iúil)
- Plean um Bhainistiú Bruscair Chiarraí 2010 – 2013 á Dhréachtadh (Iúil)
- Scéim na Gaeilge Údarás Áitiúla Chiarraí 2010 – 2013 á Dréachtadh (Deireadh Fómhair)
- Glacadh le Straitéis um Iompar Frith-Shóisialta agus Núise d'Údaráis Áitiúla Chiarraí (Mí na Samhna)

Monika Dukarska a bhuaidh Chraobh Domhanda Rámhaíochta ag Fáilte Carthartha ag Áras an Chontae i Feabhara 2010.

Fáiltithe Cathartha/An Mhéara/Ceantar 2010

Fáiltithe Cathartha

- Monika Dukarska Uas – a bhuaigh Comórtas Aonair na mBan sa Chraobh Domhanda Rámhaíochta thart ar Chósta 2009
- Úinéirí agus Traenálaí "Lisloose Accord" – a bhuaigh an Craobh Cúrsála Oaks agus Gadhar Cúrsála na Bliana 2009/2010; Úinéir agus Traenálaí "College Causeway" – a bhuaigh Derby na hÉireann 2009, an Ladbroke 600 agus Gradam Cú Reatha na Bliana 2009
- Foireann Sóisear Peile Chaisleán Ghriaire agus Oifigigh – a bhuaigh trí Chraobh, Contae, Mumhan agus Craobh na hÉireann do Chlubanna Sóisir
- An tUas John Fitzgerald – a bhuaigh an Craobh Domhanda sa Rince Gaelach – Gradam na bhFear faoi 18 mbliana.

Fáiltithe an Mhéara

- Foireann Chamógaíochta Chiarraí faoi 14 bliana – a bhuaigh na Comórtais Féile na nGael 2008, 2009
- Fáiltiú roimis Toscaireacht ón Réigiún Fiontair Eorpach
- Cóisir imeachta do Rósanna Trá Lí go léir, dá muintir is dá gcairde.

Fáiltithe Toghcheantar

Toghcheantar Lios Tuathail

- Naomi O'Brien – Craobh Náisiúnta Cailíní na hÉireann agus Cadet Sóisear Náisiúnta 2010
  Niamh Ball – Craobh Náisiúnta Cailíní na hÉireann 2010
  Brian Wall – Craobh Cadet Náisiúnta na hÉireann 2010

Toghcheantar Chill Airne

- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí, Foireann Chispheile Dara Bliain – a bhuaigh an "Gradam Scoláirí Banc na hÉireann" 2010

Toghcheantar Chill Orglan

- Cumann Áitritheoirí Pháirc Uíbh Ráthach – a bhuaigh an Comórtas Mórtas Ceantar
- Pobalscoil Inbhear Scéine, An Neidín – a bhuaigh Craobh Coláistí na hÉireann Peile 'C' agus Craobh na hÉireann sa Chispheil faoi 16 bliana 2009 - 2010

Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar

Toghcheantar	Cathaoirleach	Bainisteoir Ceantar	Líon Cruinnithe
An Daingean	An Comh. Seamus Cosaí Fitzgerald	An tUasal John Flynn	5
Cill Airne	Comh. Michael Gleeson	An tUasal John Breen	5
Cill Orglan	Comh. Paul O'Donoghue	An tUasal John Flynn	5
Lios Tuathail	Comh Tim Buckley	An tUasal Charlie O'Sullivan	5
Trá Lí	Comh. Pat McCarthy	An tUasal Michael McMahon	5

Do thug Meara Chiarrai Comh Bobby O'Connell fáiltiú cathartha do úineiri Lisloose Accord agus College Causeway, Madrai an Bhliain ag Rás-Rian An Riocht, Trá Lí i Meitheamh 2010

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

Grúpa Polasaí Corparáideach

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Grúpa Polasaí Corparáideach ar a bhfuil an Méara agus Cathaoirligh na gcúig gCoistí Polasaí Straitéiseach. Fóram is ea an Coiste chun moltaí polasaí a phlé sula gcuirtear iad os comhair na Comhairle iomlán agus chuige sin bíonn an Coiste ag déanamh comhordú ar obair na CPS. Is í an Chomhairle iomlán a thógann na cinnte ar deireadh faoin bpolasaí a chuirtear faoina bráid sa chóras seo.

Bhí 11 gcinn de chruinnithe ag an GPC i 2010.

CPS Iompair

Tuairisc ón gComh Patrick Connor Scarteen (Cathaoirleach)

Ar na scéimeanna agus polasaithe a phléigh an coiste i rith 2010 bhí an méid seo a leanas:-

- Athbhreithniú ar an bPolasaí maidir le hAinmniúchán agus Marcáil Timpeallán/Droichead/Bóithre Nua
- Athbhreithniú ar Pholasaí Gearradh Fál
- Tuairisc ar an gClár Oideachais um Shábháilteacht ar an Bóithre
- Tuairisc ar Iompar Inmharthana Tuaithe
- Tuairisc ar Staid Tacsaí a chur i mbailte móra
- Dréacht Fo-Dhlíthe Chomhairle Contae Chiarraí maidir le Trádáil i gCill Orglan
- Dréacht Fo-Dhlíthe Chomhairle Contae Chiarraí maidir le Carr-Chlóis
- Dréacht Fo-Dhlíthe Chomhairle Contae Chiarraí maidir leis an gCuan

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Patrick Connor-Scarteen (Chair)	Pobal/Deonach	Carmel Walsh
Comh Michael Healy-Rae	Ceardchumainn	John Boner
Comh Pat Leahy	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Folúntas
Comh Anne McEllistrim	Gnó/Lucht Tráchtála	Michael O'Carroll
Comh Tim Buckley	Comhshaoil/Caomhnú	Oonagh Comerford
Comh Jimmy Moloney	Comhairle Baile Lios Tuathail	

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Tuairisc ón gComh Brendan Cronin (Cathaoirleach)

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce i 2010. Le linn cruinnithe pléadh na gnéithe seo a leanas de chlár oibre na Seirbhísí Comhshaoil:

- Na Pleananna Bainistíochta Ceantar Abhantrach
- An Plean um Bhainistiú Bruscair 2010
- Eolas is déanaí ar an bPolasaí um Bhainistiú Bruscair
- Eolas is déanaí ar na hOibreacha Caipitiúla don Tionscnamh Gáis ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh agua an Fhorbairt Líonadh Talún Céim 9
- Na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha, 2008 (I.R. Uimh.79 de 2008)
- Na Tránna ag a bhfuil an Brat Gorm 2010
- Ceamaraí Faire a úsáid chun bruscar a smachtú

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Brendan Cronin (Chair)	Pobal/Deonach	Seamus Roche
Comh. Michael Gleeson	Comhshaoil/Caomhnú	Patrick Casey
Comh. Paul O'Donoghue	Forbairt/Tógáil	Richard Walsh
Comh. Jim Finucane	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Conor Creedon
Comh. Brendan Griffin		
Comh. Denis Stack	Comhairle Baile Lios Tuathail	

Bhronn Comhairle Contae Chiarraí Fáiltiú Cathartha le Foireann Caisleán Ghraire Castlegregory a bhuaigh Cluiche Ceannais Club Peil Sóisear na hÉireann.

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Pleanáil & Forbairt Gheilleagair

Tuairisc ón gComh Pat McCarthy (Cathaoirleach)

Bhí trí chruinniú ag an CPS Pleanáil agus Forbairt Gheilleagair i rith na bliana 2010 agus pléadh cáipéisí tábhachtacha mar a leanas:

- Treoracha agus Caighdeáin do Chrainn Teileachumarsáide
- Tuairisc ar Phríomhfhorálácha an Acht um Phleanáil & Forbairt 2010
- Eolas is déanaí ar Eastáit Tithíochta gan Chríochnú
- Tuairisc saothair ón Aonad um Phleanáil ar Aghaidh
- Athbhreithniú ar Phleananna Ceantar Feidhme do Chill Orglan agus don Neidín

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Pat McCarthy (Chair)	Comhshaoil/Caomhnú	Ms. Catherine McMullin
Comh. John Brassil	Ceardchumainn	Patrick Hanafin
Comh. Séamus Fitzgerald	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Seamus O'Donovan
Comh. Michael O'Shea	Gnó/Lucht Tráchtála	James McCarthy
Comh. John Sheahan		
Comh. Terry O'Brien		
Comh. Cathal Walshe	Comhairle Baile Chill Airne	

Do bhronn Comhairle Contae Chiarraí fáiltiú catartha do Duaisrinceoir Domhanda John Fitzgerald.

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Pobal, Cultúr & Turasóireacht

Tuairisc ón gComh Michael Cahill (Cathaoirleach)

Bhí dhá chruinniú ag an CPS Pobal, Cultúr & Turasóireacht i 2010, 9 Feabhra agus 12 Deireadh Fómhair. Cuireadh cruinniú eile mí na Samhna ar ceal de dheasca na drochaimsire.
Ar na gnéithe a pléadh bhí an méid seo a leanas:

- Eolas is déanaí ar ar bPolasaí Ealaíon Phoiblí agus an Plean Ealaíona sa chúlú eacnamaíochta.
- Athbhreithniú ar an Straitéis Chomhtháite Chiarraí don Lucht Siúil.
- Scéim na Gaeilge d'Údaráis Áitiúla Chiarraí.
- Eolas is déanaí ar Thurasóíreacht, Fáilte Chiarraí, Turasóireacht Uile-Chiarraí agus ról an Ghrúpa Straitéis Turasóireachta san áireamh.
- Seirbhís Leabharlann Chiarraí, léargas iomlán uirthi, an Tionscnamh Téacs agus an Polasaí maidir le hImeachtaí agus le Taispeántais.
- Straitéis Chomhtháite Chiarraí agus na socruithe don Seoladh ag an Méara Pat Leahy.
- An Tionscnamh um Ghréasán Cumarsáide Pobail maraon le socruithe don Seimineár mí Dheireadh Fómhairhe agus athbhreithniú ar an déileáil leis an bhfíor dhrochaimsir.
- Dul chun cinn ar an Straitéis Comhráití Pobail.

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Michael Cahill (Chair)	Ceardchumainn	Andrew McCarthy
Comh. Danny Healy-Rae	Pobal/Deonach	Maura Fitzgerald
Comh. Robert Beasley	Pobal/Deonach	Matt Mooney
Comh. Bobby O'Connell	Gnó/Lucht Tráchtála (Turasóireacht)	Mary Rose Stafford
Comh. Liam Purtill		
Comh. Mairéad Fernane	Baile Comhairle Trá Li	

Do bhronn Meara Chiarraí Comh Bobby O'Connell fáiltiú catarta do Foireann Camogie Chiarraí Fé-14 a bhuaigh Féile na nGaeil i 2008 agus 2009.

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisalta

Tuairisc ón gComh Arthur Spring (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta le linn 2010. Bhain a chuid díospóireachta leis an bpolasaí leathan tithíochta i gCiarraí agus le polasaí um thithíocht shóisialta dá réir. Tá cur síos ar na gnéithe is tábhachtaí i dtuairisc an Chathaoirligh chuig an gComhairle i ndiaidh cruinnithe eolais CPS do na baill. Tá cur síos déanta ar na hábhair seo a leanas:

- An Straitéis um Iompar Frithshóisialta mar atá riachtanach faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009
- Creat Réigiúnach i gcomhar do Phlean um Dhaoine gan Dídean/Plean Gníomh Réigiúnach do Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean 2011-2013
- Polasaí um Bhainistiú Riaráistí Iasachtaí & Cíosa
- Polasaí Diúltaithe
- Nósanna Bainistíochta ar neamhní
- Scéim Deontas chun Tithe a chur in Oiriúint
- Arhbhreithniú ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, ar an dTionscadal do Thithe Shóisialta ar Léas agus ceisteanna eile dá réir
- Níos mó cigireachta ar áitribh príobháideacha a bhíonn ar cíos
- Athbhreithniú ar an Acht um Phleanáil & Forbairt (Leasú) Cuid V
- Athbhreithniú ar a mbíonn ar bun ag an gCoiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil i gCiarraí
- Athbhreithniú ar an Scéim Úinéireacht i bPáirt & ceisteanna eile dá réir
- Luachálacha faoin Scéim um Cheannach ag Tionónta & ceisteanna eile dá réir

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh. Arthur Spring (Chair)	Pobal/Deonach	John O'Sullivan
Comh. PJ Donovan	Pobal/Deonach	Mary Grandfield
Comh. Tom Fleming	Pobal/Deonach	Eileen Mayse
Comh. Norma Foley	Forbairt/Tógáil	Richard Walsh
Comh. Marie Moloney		
Comh. Toiréasa Ferris		
Comh. Seán O'Grady	Comhairle Baile Chill Airne	
Comh. Pat Hussey	Comhairle Baile Thrá Lí	

Baill na mBord/na gCoistí 2010

Coiste Iniúctha	Bord Fiontar Chontae Chiarraí Teo.
Comh. Liam Purtill Comh. Arthur J. Spring	Comh Norma Foley Comh Brendan Griffin Comh Arthur J. Spring Comh Terry O'Brien
Coiste Uisce Tuaithe Contae Chiarraí	**Coiste Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil**
Comh Michael O'Shea Comh John Sheahan Comh Brendan Griffin Comh Arthur J. Spring Comh Marie Moloney Comh Patrick Connor-Scarteen	Comh Tom Fleming Comh Brendan Griffin Comh Jim Finucane Comh Arthur J. Spring Comh Pat Leahy
Cumann Comhairlí Baile agus Cathrach	**IRD Dúiche Ealla**
Comh Paul O'Donoghue Comh P.J. Donovan Comh John Sheahan	Comh John Sheahan Comh Marie Moloney
Cathaoirligh na CPS	**Seirbhís Oideachais Chiarraí**
Pobal, Cultúr & Turasóireacht Comh. Michael Cahill Pleanáil & Forbairt Gheilleagair Comh. Pat McCarthy Iompar Comh. Patrick Connor-Scarteen Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta Comh. Arthur J Spring Comhshaol & Seirbhísí Uisce Comh. Brendan Cronin	Comh John Brassil Comh Anne McEllistrim Comh Norma Foley Comh Tim Buckley Comh Brendan Griffin Comh Jim Finucane Comh P.J. Donovan Comh Terry O'Brien Comh Marie Moloney **Ainmnithe gan a bheith tofa** Sheila Casey Kerry Harty Beauseigneur John J. O'Connor David Toomey

Baill na mBord/na gCoistí 2010

Coiste Teagmhála Pháirc Náisiúnta Chill Airne	**Cumann Comhaltaí Údarás Áitiúla**
Comh John Sheahan	Comh Pat Leahy
Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta	**Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thoir**
Comh Seamus Fitzgerald	Comh Tom Fleming Comh Tim Buckley Comh Arthur J. Spring
Fóram Réigiúnach Sláinte – Thiar Theas	**Údarás Réigiúnach Thiar Theas**
Comh Michael Healy-Rae Comh Brendan Griffin Comh Bobby O'Connell Comh Marie Moloney Comh Terry O'Brien	Comh John Brassil Comh Michael O'Shea Comh Liam Purtill Comh Bobby O'Connell Comh Seamus Fitzgerald Comh Pat Leahy Comh Arthur J. Spring
Tionól Reigiúnach Theas & Thiar	**Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo.**
Comh Liam Purtill Comh Bobby O'Connell	Comh Michael Cahill Comh John Sheahan Comh Marie Moloney
Meitheal Drugaí Réigiún an Deiscirt	**Cumann Oisrí Cuan Trá Lí Teo.**
Comh Pat Leahy	Comh Terry O'Brien
Coimisinéirí Chuan Trá Lí agus Cé An Fhianait	**Tralee Regional Sports and Leisure Company Ltd.**
Comh Jim Finucane Comh Pat McCarthy	Comh Terry O'Brien
Kerry Airport plc	
Comh Terry O'Brien	

Comhchoiste Póilíneachta

Toghcheantar An Daingean
Comh Brendan Griffin
Comh Seamus Cosaí Fitzgerald

Toghcheantar Trá Lí
Comh Anne McEllistrim
Comh Toiréasa Ferris
Comh Arthur J Spring

Toghcheantar Lios Tuathail
Comh Pat Leahy
Comh Robert Beasley
Comh Tim Buckley

Toghcheantar Cill Airne
Comh Bobby O'Connell
Comh Michael Gleeson
Comh Tom Fleming

Toghcheantar Chill Orglan
Comh Michael Cahill
Comh Patrick Connor-Scarteen
Comh P.J. Donovan

Comhdhálacha ag a raibh Comhairleoirí i rith 2010

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i Láthair
Seimineár Traenála ar Leas Leanaí	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	3
Comhdháil Gnó COC 2010	Óstan Hayfield Manor, Corcaigh	2
Cruinniú Mullaigh Fuinneamh In-mharthana Éireann 2010	Óstán Fairways, Dún Dealgan, Co. Lú	4
Bainistiú Dramhaíola agus an Dlí	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1
Comhdháil Turasóireacht Aontroma	Óstán Dún Eadrach, Co. Aontroma	10
Gradaim Zurich LAMA	Óstán Burlington, BÁC 4	1
Údarás Réigiún an Mheántuaiscirt 15ú Comhdháil Bhliantúil	Óstán Greenhills, Br na hInse, Luimneach	1
Smachtú Tuilte & Rialtas Áitiúil	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir	1
Comhdháil an Earraigh	Óstan Sligo Park	10
Meabharshláinte Dearfach a chur chun cinn	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1
Athruithe sa Rialtas Áitiúil a Bhainistiú	Óstán Westport Plaza, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	1
An Chomhdháil Atlantach 2010 – Eolaíocht, Teicneolaíocht, In-nealtóireacht & Mata	Óstán An Tulach Mhór	1
Scoil Gheimhridh Cholmchille	Ionad Oidhreachta Cholmcille, Leitir Ceanainn	15
Comhdháil Bhliantúil ACCC 2010	Óstan Baile Mhic Oistín, Co Thiobraid Árann	5
18ú Comhdháil Bhliantúil um Chomhshaol Chiarraí	Óstán Manor West, Trá Lí	3
Seirbhís Tithíochta Údarás Áitiúla	Óstán Killarney Plaza, Cill Airne	7
Tionchar Athrú Aeráide agus Straitéis dá Réir	Óstan Silver Tassie, Leitir Ceanainn	1
Comhdháil Bhliantúil LAMA 2010	Óstán Sligo Park	10
Tacaíocht d'Ionaid Teagmhála do Leanaí - An gá atá leo in Éirinn	Caisleán Bhaile Átha Cliath	1
Comhdháil IPI 2010 um Phleanáil Náisiúnta	Óstán Tullamore Court, An Tulach Mhór	1
Comhdháil Réigiúnach BMW 2010	Óstán Cavan Crystal	1

Comhdhálacha ag a raibh Comhairleoirí i rith 2010

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i Láthair
Comhairle Leabharlanna Éireann- CILIP i gComhar le chéile 2010	Óstán Maldron, Tamhlacht, BÁC 24	2
Treoracha nua EPA do Thithe Aonair	Óstán Glenlo Abbey, Gaillimh	7
Athrú ó Bhonn ar Sheirbhísí Poiblí II	Ionad Comhdhála Páirc an Chrócaigh	1
Iompar Éireann 2010	Ionad Comhdhála Páirc an Chrócaigh	1
Rialtas Áitiúil & an Comhshaol	Óstán Falls, Co. an Chláir	1
An Chéad Comóradh ar Dhomhnall ÓConaill	Reilig Glas Naíon	1
Infheistíochtaí Gnó Seimineár Oiliúna	Óstán Lawlors, Nás, Co. Chill Dara	1
'Sceal Dhá Chathair' – Straitéisí éifeachtacha don mhíbhuntáiste uirbeach	Rialto, Baile Átha Cliath	1
Costas Árachais agus Éileamh Údarás Áitiúla	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1
Forbairt Ghairmiúil do Chomhairleoirí – Ag Iarraidh a bheith Dearfach anois	Óstán Castlecourt, Cathair na Mart	2
Comhchoistí Póilíneachta a shníomh isteach sna StruchtúirÚdarás Áitiúla	Óstan Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co Chorcaí	2
5ú Cruinniú Bliantúil Caibidil Eorpach Eolaithe na mBogach	Óstán Majestic, An Trá Mhór, Co Phort Lairge	1
Comhlachtaí Poiblí Éireann – Gnáthchruinniú Bliantúil	12-14 Sráid an Mhóta, Baile Átha Cliath 2	1
Seimineár Athisithe do Chomhairleoirí – Na Dlíthe Athisithe	Óstán Patrick Punch, Luimneach	6
Dearadh Uilíoch idir Reachtaíocht, Polasaí & Cleachtadh	Óstán Burlington, BÁC 4	1
COC – Céimeanna Onóracha á mBronnadh	Aula Maxima, COC, Corcaigh	1
Comhdhail Cúram Pobail Tairbeart Teo	Óstan Lanterns, Tairbeart, Co. Chiarraí	3
Gníomhaíocht um Shláinte an Phobail – "Deiseanna á gcruthú sa chomhshaol foirgníochta "	Óstan Clarion, IFSC, Baile Átha Cliath 1	1
Léargas ar an Óige – Ealaíon chruthaitheach agus modhanna oideachais chuici	Ionad Ealaíon Pobail, 1 Cé Camden, Corcaigh	1

Comhdhálacha ag a raibh Comhairleoirí i rith 2010

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i Láthair
Treoir Praiticiúil do Ghréasáin Sóisialta – An Meán Nua do Chomhdhálacha	Óstan Silver Tassie, Leitir Ceanainn	1
Seimineár Oiliúna Comhaltaí Tofa - Fuin-nieamh Gaoithe & Grianda	Óstán & Ionad Fóillíochta County Arms, Biorra, Co Uíbh Fháilí	4
Scoil SamhraidhSynge 2010	Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin	5
Pobail Bheo a Spreagadh trí Chruthaitheacht agus Núáil - Solathar Tionscnamh Pobail Do Chomhairleoirí	Óstán Holyrood Hotel, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall	2
Scoil Samhraidh Douglas Hyde	Bealach an Doirín, Co Ros Comáin	1
An tAcht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009	Óstán Glenroyal, Má Nuad, Co. Chill Dara	3
Sláinte aguas Sábháilteacht, Measúnú Riosca agus Árachas sa Rialtas Áitiúil	Óstán Maldron, Órán Mór, Co na Gaillimhe	5
Scoil Samhraidh Parnell 2010	Avondale House and Conference Hall, Avon-dale, Rathdrum, Co. Wicklow	4
Na Rialacháin um Bhainistiú Dramhaíola	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin,Gaillimh	4
Caomhnú Uisce - "Treoracha Nua EPA faoi Iarratais Phleanála"	Óstán Atlantic Coast, Cathair na Mart	3
AMAI 97ú Comhdhail Bhliantúil	Óstán Inishowen Gateway, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall	2
Méara nó Cathaoirleach ag Feidhmiú go hÉifeachtach	Óstán Creggan Court, Áth Luain	1
Daonlathas Áitiúil agus Athrú ar an Sochaí	Óstán & Club Gailf Charlesland, Na Clocha Liatha	2
Comhdháil Naisiúnta 2010 um Mhí-úsáid Sub-staintí agus Alcóil	Óstán agus Ionad Europa, Cill Airne	2
Seimineár an Fhómhair LAMA	Óstan Listowel Arms, Lios Tuathail, Co Chiarraí	5
Teastas i Rialtas agus Polaitíocht na hÉireann	57-61 Bóthar Lansdún, BAC 4	1
Comhdháil Douglas Hyde 2010	Óstán Abbeyfield, Bealach an Doirín, Co Ros Comáin	1
Comhdhail Náisiunta Turasóireachta	Óstan Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir	4
Coisctheacht Iomlán Bruscair - 'Costais a laghdú agus acmhainní a mhéadú'	Óstán Radisson Blu, Corcaigh	1

Comhdhálacha Thar Sáile

Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe thar sáile do Chomhairleoirí i 2010		
Comhdháil/Ócáid	**Láthair**	**Líon i Láthair**
Lá Oscailte Fiontraíochta sa Réigiún Eorpach 2010	An Bhruiséil	3
Turas Lá 'le Pádraig an Mhéara ar Stáit Aontaithe Mheiriceá	Chicago & Nua Eabhrach	1

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €114,495.19 i 2010 ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €117,487.42 i 2010 mar Liúntas Bliantúil comhairleoirí agus mar liúntais dóibh siúd nach bhfuil mar bhall coiste.

Liúntais Taistil & Cothaithe anso in Éirinn	Liúntais Taistil & Cothaithe Thar Sáile	Táillí um Chlárú Comhdhála
€82,478.85	**€1,261.68**	**€30,754.66**

Chuir an Bainisteoir Chontae, Tom Curran, Meara Chiarraí An Comh Bobby O'Connell, Meara Trá Lí An Comh Arthur Spring, fáilte roimh Ambasadóir Sineach go hÉireann Liu Biwei agus a bhean chéile Madam Fan Cun.

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Liam Quinlan

Ailtire Sinsearach Feidhmiúcáin: Deirdre Sullivan

Baineann na seirbhísí Tithíochta agus Tacaíocht Sóisialta lena bheith ag cabhrú le daoine. Lorgaítear dídean agus cóiríocht ón Údarás Áitiúil agus tá rún againn freastal ar na daoine sin agus ar a gcuid riachtanas chomh maith agus is féidir in aon chor é.

Tá an Stiúrthóireacht Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta freagrach as tithíocht shóisialta agus as tacaíocht ina leith a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil. Cuirtear aonaid tithíochcta ar fáil atá tógtha againn féin, tá Scéim um Chóiríocht ar Cíos, déantar freastal ar dhaoine gan dídean, cuirtear caighdeáin i bhfeidhm maidir le tithe príobháideacha a bhíonn ar cíos agus cinntítear géilliúlacht do rialacháin agus do reachtaíocht a bhaineann le polasaí tithíochta agus le tacaíochtaí sóísialta.

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht Tithíochta áiseanna pobail agus forbartha maraon le seirbhísí bainistíochta do thionón-taithe ionas gur féidir le cách a bheith go sona sásta pé áit a bhfuil cónaí orthu.

Pé scéal é agus an cúlú eacnamaíochta sa mhullach orainn, tá athrú ar an mbealach oibre a bhíonn ag an Roinn Tithíochta. Tá méadú ar an líon daoine a lorgaíonn cabhair uainn, dá bhrí sin bíonn brú ar fhoireann agus ar acmhainní araon.

De dheasca laghdú ar mhaoiniú bíonn laghdú ar ghníomhaíocht dá réir ach bíonn méadú ar ghnéithe eile. Mar shampla toisc laghdú a bheith ar thithíocht shóisialta a thógáil agus a cheannach smaoinítear ar sheifteanna eile mar léas fadtéar-mach.

Ina theannta san tá laghdú nach beag orthusan a lorgaíonn Deontais chun Tithe a chur in Oiriúint

An Scéim Deontas chun Tithe chur in Oiriúint do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais

- Dáileadh iomlán 2010: € 4,061,250 (méadú 14.5% ar 2009)
- €3,249,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
- €812,250 ó acmhainní Chomhairle Contae Chiarrai
- fuarthas 762 iarratas
- ceadaíodh 831 deontas do lucht a n-iarratas
- deineadh 694 íocaíochtaí i leith deontas d'oibríocha a críochnaíodh.

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Tógála agus Fála Tithíochta

Maoinítear Tógála agus Fála tithíochta shóísialta trín gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta. Le trí bliana anuas tá laghdú nach beag tagtha ar an maoiniú a fhaightear ón RCORÁ.

- Dáileadh iomlán 2010: €5.175m (seachas €19m i 2007)

Ag deireadh na bliana 2010 tá na tionscnaimh seo a leanas idir lámha:

- Ceithre Thigh Aonar faoin dTuath
- Síneadh á chur le trí thigh údarás áitiúla agus tionscnaimh Oibreacha Feabhsúcháin
- Críochnaíodh ceithre scéim tithíochta i 2010 a bhí ar siúl ó 2009:
- An Coireán (14)
- An Ráth Mhór (12)
- An Caladh (6)
- An Daingean (6)
- Tithe Aonair faoin dTuath (7)

Dáileadh na 45 aonad ar fad agus daoine anois ina gcónaí iontu. Ceannaíodh naoi gcinn eile ar an margadh oscailte.

Cóiríocht ar Cíos & Scéim do Thithe Sóisialta ar Léas

- D'aistrigh 70 tionónta príobháideacha go dtí RAS i 2010.
- Ar an iomlán tá 520 tionónta RAS ag maireachtaint i gcóiríocht phríobháideach.
- Tá 70 tionónta RAS ag maireachtaint i gcóiríocht dheonach.

Scéim cuíosach nua go fóill is ea an Tionscadal um Thithe Sóisialta ar Léas agus i rith na bliana scrúdaíodh mórán tairiscintí. Ceaptar go mbeidh cuid mhaith díobh siúd ag feidhmiú an bhliain seo chugainn 2011.

Tithíocht Dheonach

Roimh dheireadh na bliana 2010 síníodh conradh le Cumann Deonach na Ríochta um Thithíocht faoin dTuath chun 22 Aonad Tithíochta Deonacha a thógaint ag Páirc Uí Áille/Br an Mhistéalaigh, An Bóthar Buí, Trá Lí 2010. Chuige seo go léir beidh deontas €3,364,190 le fáil ón Scéim um Chúnamh Caipitiúil do Thithíocht Deonach.
Lorgaíodh Moltaí go Speisialta go deireanach i 2010 chun aonaid tithíochta a fháil agus a athchóiriú faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil do Thithíocht Deonach; cheadaigh an RCORÁ trí scéim ar leith agus 24 aonad idir Thrá Lí, Cill Airne agus Cill Orglan ar chostas iomlán €2.87m.

Measúnú ar Ghanntar Tithíochta

- Méadú suntasach ar an líon iarratas le dhá bhliain anuas.
- Fuarthas 638 iarratas nua ar thithíocht.
- Éinne anois a lorgaíonn liúntas cíosa, caithfear measúnú ar an nganntar acu a dhéanamh ar dtús agus dá bhrí sin cuirtear breis oibre ar an bhfoireann.

Tithe ar Cíos ag na hÚdaráis Áitiúla

- Tairgíodh 215 aonad sa ghnáthchóiríocht údarás áitúla trí fholúntais a líonadh mar a tharlaíodh, trí thithe nua a thógaint no a fháil.

Straitéis um Iompar Frithshóisialta

- Ghlac Comhairle Contae Chiarraí leis an Straitéis um Iompar Frithshóisialta
- Glacadh go hiomlán leis an nós go gcaithfear réiteach An Gharda Síochána a bheith ag tionóntaithe nua.

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Cigireacht ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

- Fuarthas maoiniú speisialta €85,761 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil chun breis cigireachta a dhéanamh faoi na Caighdeáin don Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos.
- Déanfar 500 scrúduithe sa bhreis roimis deireadh na bliana 2011.
- Déanfar cigireacht ar aon áitreabh a bhíonn faoi réir liúntas cíosa agus nach mbíonn cláruithe ag an PRTB; déanfar amhlaidh maidir le hiarratais ar thionóntachtaí a lorgaíonn an liúntas RAS.

Oibreacha Feidhmiú Fuinnimh

- Fuarthas dáileadh méaduithe €1.145m ón RCORÁ.
- Mórbheartais fheidhmiú fuinnimh déanta ar 97 dtigh.
- Pluiméireacht & leictreachas
- Teasdíonadh
- Painéil Ghrianda.
- Meastar go spárálfaidh na tionóntaithe suim airgid idir €1,700 agus €2,776 in aghaidh na bliana.

Cóiríocht don Lucht Siúil

- Athchóiriú deanta ar Láithreán Stad Páirc na bhFianna
- €246,000 caite ar na hoibreacha seo:
  - Clós Súgartha ilbheartach do leanaí,
  - Forbairt cosán/raon rothar,
  - Feabhas ar shoilsiú is ar chomharthaí, péinteáil, doirse nua ar bhotháin,
  - Dromchla nua ar bhóithre laistigh den láithreán,
  - Áis nua anois istigh ann mar ionad do phobal an láithreáin,
  - Breis spás stórála,
  - Méadú ar aonad amháin,
  - Claí timpeall air agus ar an gclós súgartha, garraíodóireacht ar dhreach an láithreáin.

Chuir Comhairle Contae Chiarraí na hoibreacha úd i gcrích i gcomhar le FSS agus leis na háitritheoirí, sinn go leir ag díriú ar ghanntair an lucht siúil agus ar choinníollacha maireachtála a fheabhsú do na teaghlaigh ar fad atá ina gcónaí ann.

Suímh Thréigthe/Struchtúir Baolacha

Tá Comhairle Contae Chiarraí tar éis díriú ar shuímh thréigthe sna bailte agus na sráidbhailte a mbeadh tarraingt ag turasóirí orthu, chomh maith le cuid de bhailte móra an chontae.

Fuarthas 44 ghearán faoi struchtúir a bhí baolach don phobal
Ar an mórchóir bhí úinéirí toilteanach comhoibriú linn láithreach gan aon ghá le fógraí reachtúla.

Fógraí Alt 8 eisithe	28
Fógraí Alt 11 eisithe	26
Éilimh ar Thobhach	46
Suímh Thréigthe breise ar an gClár	25
Suímh Thréigthe bainte den Chlár	24
Líon suíomh ar an gClár 31 Nollaig	114

Tuairish ón Stiúrthóir Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta

Stiúrthóir Seirbhísí: Charlie O'Sullivan

Foireann Sinsearach:

Innealtóir Sinsearach – Oibriú an Ghréasán Iompair: Ger MacNamara
Innealtóir Sinsearach – Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta Chiarraí: Matt Corridan

"Tá sé d'aidhm againn gréasán bóithre chun leas an phobail idir áitiúil agus cuairteoirí a sholáthar, ar bhonn nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana agus a rachaidh chun leas an chontae ar an iomlán idir gheilleagar, comhshaol, cuimsiú sóisialta agus cáilíocht na beatha"

Sa Roinn Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta i gContae Chiarraí tá cheithre aonad gnó – an Oifig um Dhearadh Bóithre Chiarraí (KNRDO), an Roinn um Oibriú an Ghréasán Iompair, an Oifig Mhótarchánach agus an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta.

Is iad an KNRDO agus an tAonad um Oibriú an Ghréasán Iompair atá freagrach as bonneagar bóithre a bheith againn atá nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana chun leas an chontae idir fhás agus forbairt an gheilleagair. Tá an t-aonad seo freagrach freisin as na céanna agus cuanta a bhaineann leis an gComhairle a stiúradh.

Sa ghréasán bóithre atá againn sa chontae tá 96cm Príomhbhóithre Náisiúnta agus 336cm Bóithre Tánaisteachta a nascann na príomhbhailte le Mol Trá Lí-Cill Airne agus leis an mbealach amach as an gcontae go príomhbhóithre agus go moil náisiúnta. Is iad bóithre réigiúnacha agus áitiúla, áfach, atá i mbreis is 90% den ghréasán, 4 281cm ar fad, atá fíorthábhachtach don ghréasan sóisialta a bhíonn ag freastal ar riachtanais an phobail tuaithe don chuid is mó.

Tháinig feabhas an-mhór ar an ngréasán le linn 2010; ar dtús osclaíodh Seachród Oileán Chiarraí, ansan tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ar ar an réamhchonradh agus ar an bpróiseas tairisceana do Sheachród Trá Lí maraon le Scéim Ranníocaíochtaí Breise Forbartha do Thionscnamh Cuarbhóithre Thrá Lí. Ghlac an Chomhairle leis an scéim úd 22 Márta 2010.

Tharla feabhsúcháin eile mar Dhroichead Bhaile na nGearradh agus móran dromchlaí ar an ngréasán príomhbhóithre agus bóithre tánaisteacha. Ar 17 láthair sa chontae feabhsaíodh sábháilteacht.

Lasmuigh den ghréasán poiblí cuireadh dhá dhroichead coisithe ar an mbealach isteach go Carrán Tuathail, thacaigh an pobal áitiúil leis an dtionscnamh sin.

Le dhá bhliain anuas tá lagdú nach beag ar an maoiniú do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a chiallaíonn go mbíonn an-bhrú ar acmhainní ó thaobh foirne de. Ní thagann éinne in ionad an duine a théann ar scor ná ní fhostaítear arís iad siúd a bhí ar chonarthaí sealadacha. Tá slite, áfach, ag Comhairle Contae Chiarraí chun teacht timpeall ar dheacrachtaí; mar shampla is feidir athchúrsáil ar an láthair a dhéanamh ar ábhar déanta bóithre agus beidh nósanna nua oibríochta i gcomhar leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn chun go leanfaidh an clár bóithre go héifeachtúil agus go bhfaighfear margadh maith ar an gcostas.

Le linn 2010 infheistíodh breis is €60m sa ghréasán bóithre idir phleanáil, dearadh, forbairt agus cothú don ghréasán bóithre 4,717cm agus tharla feabhsúcháin ar beagnach 181cm ar fad.

Tuairish ón Stiúrthóir Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta

Chaith Comhairle Contae Chiarraí €32m ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. Orthusan freisin críochnaíodh an Clár trí bliana Athchóiriú Bóithre agus ghlac na Baill Tofa le clár nua trí bliana arís mí Mhean Fómhair. Ba iad foireann bóithre Comhairle Contae Chiarraí a chríochnaigh 15 Scéim Feabhsúchán Áitiúla ar chostas €445,000.

Ar ndóigh chuir drochaimsir mí Eanáir agus mí na Nollag 2010 isteach go mór ar an ngréasán bóithre. Meastar gur deineadh díobháil ar chostas €12.8m; €5m ar bhóithre náisiúnta agus €7.8m ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. Bhí foireann na nÚdarás Áitiúla ar fud Chiarraí ar a ndícheall ag iarraidh an díobháil a laghdú agus chaitheadar uaireanta fada ag obair go tiomanta díograiseach i ngach aon slí.

Deimhníodh an Ordú Ceannaigh Éiginntigh don Scéim Feabhsúcháin Bóthair ó Thairbeart go Fearann Bhéal Átha Longfoirt/Tairbeart agus táthar anois ag fáil na dtailte cuí, rud a bheidh fíorthábhachtach do thionscnamh LNG na Sionainne.

Rinne Oifig Mhótarchánach Ciarraí próiseáil ar 134,516 gnóthaí le linn 2010 agus bailíodh €20.2m mar ioncaim Stáit. Leantar i gcónaí den nós a thosnaigh cúpla bliain ó shin agus na seirbhísí mótarchánach ar fáil ar líne mar áis do chustaiméirí. Tá 41.6% dár gcustaiméirí ag déileáil linn ar líne anois (seachas 36% i 2009 agus 32% i 2008). D'éirigh linn próiseáil a dhéanamh laistigh d'aon lá amháin ar breis is 99% de na hiarratais a bhfuarthas tríd an bpost.

Is iad an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta atá freagrach as bearta a fhorbairt agus a chur i gcrích maidir le sábháilteacht do chách ar na suímh seo againne idir fhostaithe, conraitheoirí, lucht úsáide agus an pobal i gcoitinne. Chun na haidhmeanna úd a chinntiú bíodh oiliúint leanúnach ar bun don bhfoireann i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2010.

Gaiscí Tábhachtacha i 2010

Príomhbhóithre Náisiúnta (96cm)

- Osclaíodh Seachród Oileán Chiarraí ar an N21
- Tosnaíodh ar an bpróiseas taiarisceana do Sheachród Thrá Lí ar an N22/N69
- Críochnaíodh an measúnú ar roghanna míneadais ar an N22 An Fearann Fuar go Cill Airne
- Feabhsaíodh an pábháil sa Chúil Gharbh ar an N22

Bóithre Tánaisteacha (335cm)

- Tosnaíodh ar an Scéim Feabhsúcháin N86 a dhearadh
- Caitheadh €4.8m ar phábháil agus ar fheabhsúcháin
- Feabhsaíodh Droichead Barr Dubh
- Cuireadh 13 cm dromchla nua ar fad idir na bóithre N69, N70, N71 agus N72
- Críochnaíodh ocht dtionscnamh sábháilteachta

Bóithre Neamh-Náisiúnta(530cm Bóithre Réigiúnacha & 3757cm Bóithre Áitiúla)

- Caitheadh €32m ar bhóithre neamh-náisiúnta a chothú, a fheabhsú agus a riaradh
- Oibreacha sábháilteachta déanta ag ocht n-ionad
- Críochnaíodh 15 scéim faoin Scéim Feabhsúchán Áitiúla
- Feabhsaíodh ocht gcinn de bhóithre faoin Scéim Pháirtíocht Phobail
- Feabhsaíodh 162cm bóithre réigiúnacha agus áitiúla faoin gClár Athchóirithe agus Feabhsúchán
- Caitheadh €900,000 ar shoilsiú poiblí ar fud an chontae

Tuairish ón Stiúrthóir Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta

Gaiscí Tábhachtacha i 2010

Forfheidhmiú agus Sábháilteacht ar na Bóithre

- Scrúdaigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar na Bóithre thart ar 469 gcinn de ghearáin m.sh. feithiclí faoi ualach ró-mhór, draenáil, bealaí amach ar bhóthar, díobháil do bhóithre, comharthaí ina mbac ar an mbóthar
- Scrúdaíodh 145 Shuíomh oibríocha ó thaobh Sláinte & Sábháilteachta de
- Seoladh an Comórtas d'Fhéilire um Shábháilteacht ar na Bóithre a tharla i mbunscoileanna an chontae

Céanna agus Cuanta

- Cé Bhaile an Ridire – obair thógala nach mór críochnaithe

Cosaint Chósta

- Rinneadh móroibreacha ar an R558 ag Cill Fhionnúrach, An Fhianait
- Tá monatóireacht á dhéanamh ag suímh eile thart fán gcósta

An tIonad Innealra

- Tharla mórathbhreithniú ar an bhFearas ar Cíos le linn na bliana

Gaiscí Eile

- Ullmhaíodh Clár Nua Ilbhliantúil Feabhsúchán do na Trí Bliana 2011-2013
- Deimhníodh an CPO don Scéim Feabhsúcháin Bóthair ó Thairbeart go Fearann Bhéal Átha Longfoirt/Tairbeart
- Cuireadh tús le Tionscnamh um Athbhunú Droichead na Mumhan
- Osclaíodh Droichead Bhaile na nGearradh don trácht (An Méara Leahy a dhein an oscailt oifigiúil 4 Aibreán 2011)
- Dul chun cinn ar Staidéar Rialú Tráchta do bhaile Thrá Lí
- Aontaíodh Dréacht don Scéim Ranníocaíochtaí Breise Forbartha do Thionscnamh Cuarbhóithre Thrá Lí
- Maisíodh Coill Bhaile Ó Síoda le snoíodóireacht adhmaid
- Dheineamar féin 1,150 triail ar ábhar déanta bóithre
- Cuireadh dhá dhroichead coisithe ar an mbealach isteach go Carrán Tuathail

Mótarcháin

- Próiseáil déanta ar breis is 134,516 ghnóthaí, is ionann 7,432 ghnó agus fostaí lánaimseartha (FTE) [seachas 7,003 i 2009 & 7,160 i 2008]
- Pléadh le 56% de ghnóthai ag an gcuntar; le 41% tríd an bpost
- Bhain 64,638 (42.6%) dár gcustaiméirí úsaid as an tseirbhís
- Tháinig deireadh le ragobair
- D'éirigh linn próiseáil a dhéanamh laistigh d'aon lá amháin ar 99.56% de na hiarratais Mótarchánach a bhfuarthas tríd an bpost.
- D'éirigh linn próiseáil a dhéanamh laistigh d'aon lá amháin ar 99.78% de na hiarratais ar cheadúnas tiomána

D'oscail an Aire Tony Killeen go hoifigiúil an Seach-Chonair Oilean Chiarraí i Mi Deireadh Fomhair.

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:

Innealtóir Sinsearach: Tom Sheehy

Tá an Roinn Comhshaoil i gComhairle Contae Chiarraí freagrach as an gcomhshaol a chosaint sa Chontae trí na Rialacháin, Treoracha agus an Reachtaíocht a bhaineann le Bainistiú Dramhaíola agus le Truailliú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta san, soláthraíonn an Roinn an bonneagar chun dramhaíl a bhailiú, a aisghabháil, a athchúrsáil agus a chur de láimh. Tá an Roinn seo freagrach freisin as seirbhísí tréidliachta agus bainistiú fuinnimh.

Bailiú Bruscair

I 2010 tháinig laghdú 3% ó 2009 ar líon na gcustaiméirí a bhain úsáid as Seirbhís Bhruscair agus Athchúrsála Comhairle Contae Chiarraí. In éineacht leis an gcúlú eacnamaíochta, is léir go bhfuil iomaíocht an-ghéar agus feachtais fhógraíochta ar siúl sa mhargadh maidir le cúrsaí dramhaíola. Níl aon dabht, áfach, ach go bhfuil seirbhís muiníneach ar ardchaighdeán á soláthar ag Comhairle Contae Chiarraí.

Caithfear anois trí shaghas bruscair (fuílleach tí, ábhar athchúrsála, orgánach) a bhailiú agus toisc nach bhféadfaí trí thuras a thabhairt ar aon cheantar in aghaidh na coicíse, bhí orainn an córas bailithe a mhaolú le linn 2010. Ceannaíodh dhá leoraí ilranna, ceann nua agus ceann ar athláimh, chun gur féidir gach saghas bruscair a thabhairt leo in aon turas.

Tá an pacáiste bogearraí AMCS in úsáid ag Comhairle Contae Chiarraí chun an scuad bailithe bruscair agus chun cúrsaí airgeadais a bhainistiú. Ar an gcuma san deintear taifeadadh ar thuras gach aon leoraí i rith an lae. Chun gur féidir an leas is fearr a bhaint as gluaiseacht na leoraithe, thosnaigh próiseas nua chun na sonraí a úsáid i dtreo atheagrú agus réasúnú a chur i gcrích ar an gcóras bailithe. Críochnófar an obair úd go luath i 2011.

Bliain	Líon cás dumpáil mhídhleath-ach a scrúdaíodh & Feithiclí Treigthe	Líon cúiseamh ar éirigh leo	Iomlán Fíneálacha agus costas tar éis cúiseamh	Líon fógraí (1) a eisíodh chun beartais ghlantach-áin a chur i gcrich	Líon fíneál-acha ar an láthair	Ioncam ó fhíneál-acha ar an láthair
2010	583	12	€3,520	13	96	€5,562.70

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Athchúrsáil

Tá áiseanna athchúrsála ag Comhairle Contae Chiarraí ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh agus ceithre chinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCill Airne, Baile an Mhuilinn, An Neidín, Cathair Saidhhín agus tá ionad mór fóntas pobail le déanaí ag Ionad Athchúrsála and Dramhaíola Chorca Dhuibhne.

Tá áiseanna ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh chun réimse leathan bruscair a athchúrsáil, buidéil idir ghloine agus plaisteach, páipéar, cairtchlár, ábhar tirim athchúrsála, cadhnairí, miotail, bruscar leictreach (WEEE), ola, éadach agus ábhar glas. Tharla méadú ar an athchúrsáil ansiúd le tamall de bhlianta anuas agus glachadh le 7,000 tonna ábhar le linn 2010.

Tá spriocanna bainte amach freisin ag Comhairle Contae Chiarraí faoin bPlean Reigiúnach um Bhainistiú Dramhaíola maidir le hionaid Beir Chuige; tá 103 diobh siúd anois ar fud an chontae.

Chun stop a chur le dumpáil mídhleathach agus le caitheamh bruscair ag na láithreáin úd, tá an scéim “Ionad Beir Chuige a Uchtú” ar siúl i gcomhar le 25 chinn de ghrúpaí pobail. Tugann an Comhairle Contae araidí saor in aisce chuige seo agus íoctar suim áirithe in aghaidh na blian leis na grúpaí.

Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh:

Le linn 2010 bhí 20,987 dtonna fuílleach dramhaíola le cur de láimh ag Moing na Meannán mar a bhfuil Láithreán Líon-adhTalún Chiarraí Thuaidh. Chuaigh 11,139 dtonna go díreach isteach sa Líonadh Talún agus roinneadh 9,848 dtonna ar na cúig Stáisiúin Aistrithe atá i gCiarraí.
Sin laghdú 48% ar fhigiúirí 2009. In éineacht leis an gcúlú eacnamaíochta, is léir go bhfuil iomaíocht ar siúl sa mhargadh maidir le cúrsaí dramhaíola agus le líonadh talún. Dá bhrí sin tá mórán dramhaíola á bailiú i gCiarraí ag comhlachtaí príobháideacha a théann lasmuigh den chontae chun fáil réidh léi.

Tá ceadúnas nua, a chuireann teora cinnte leis an líon dramhaíl orgánach i réim do Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh ó 24 Márta 2010. Dá bhrí beidh laghdú nach beag ar an méid a chuirtear síos ann ach beidh saol níos faide dá réir ag an Láithreán Líonadh Talún.

Oibreacha Caipitiúla: Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh

Comhaontú chun Gás Líonadh Talún a úsáid do ghineadh leictreachais:
Éilíonn an ceadúnas EPA do Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh i Moing na Meannán go mbailítear agus go lastar an Gás Líonadh Talún. In ionad a bheith á lasadh i gcónaí, tá Comhairle Contae Chiarraí ag scrúdú ceist an gháis a úsáid mar fhoinse fuinnimh.
Tharla próiseas forthairisceana chun oibritheoir a lorg. Bronnadh an conradh ar B9 Power Ltd agus síníodh comhaontú leosan 25 Samhain 2010.
De réir a bhfuil aontaithe tá léas cuid den Líonadh Talún (20m x 20m) go ceann 21 bhliain, agus rogha ina dhiaidh sin síneadh 10 mbliana a chur leis. Mar thoradh ar an méid sin íocfar dleachta bliantúla le Comhairle Contae Chiarraí de réir an mhéid leictreachais a ghintear.

Céim 9 Forbairt ar Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh:

Críochnaíodh Céim 9 Oibreacha Forbartha (Cealla 17, 18 & 19) ar chostas €7.09 milliún, chun acmhainn iompair an láithreáin a mhéadú faoi 100,000 tonna. Osclófar Céim 9 mí na Márta 2011.

Caidéalú Láisteacháin go dtí an Fearas Cóireála Fuíolluisce in Oileán Chiarraí:

I láthair na huaire beireann tancaer an láisteachán ó Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh go dtí an Fearas Cóireála Fuíolluisce in Oileán Chiarraí. Táthar ag smaoineamh anois, áfach, ar phíopaí a chur idir an dá láthair chun an córas úd a sheachaint as seo amach. Cuireadh an ceadúnú dul ar aghaidh leis an dtionscnamh seo (faoi choinníollacha an cheadúnais) faoi bhráid an EPA agus ceadaíodh an scéim i bprionsabal. Ansan thosnaigh an Nós Pleanála Cuid 8 agus an t-iarratas ag dul thart ar na ranna laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí.

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Rialachán Comhshaoil

Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú:

Faoi na hAchtanna um Bhainistiú Bruscair agus na hIonstraim cuí Reachtula, tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as mórán gníomhaíochtaí dramhaíola sa chontae. D'fhreagair an fhoireann um fhorfheidhmiú dramhaíola breis is 200 tuairisc ón bpobal agus ó áisínteachtaí stáit mar gheall ar ghnímh mar dhumpáil mhídhleathach agus caitheamh bruscair le linn 2010.

Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Gleo:

Bíonn mórán gníomhaíochtaí ar bun ag an gComhairle, mar shampla-

- Monatóireacht ar cháilíocht uisce an chontae de réir riachtanais an Treoir Chreat Uisce de chuid an AE
- Reachtaíocht maidir le cáilíocht uisce a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích
- Déileáil le truailliú ola
- An tAcht um Thruailliú Aeir a fhorfheidhmiú agus a chur i gcrích

Deineadh dul chun cinn nach beag i 2010, maidir le Ceantar Abhantrach, ar an dTreoir Chreat Uisce a chur i gcrích. Glachadh le pleananna cúig bliana 2010-2015 do Cheantair Abhantraigh an Iardheiscirt agus na Sionainne. Beidh siad siúd mar bhonn faoin mbainistíocht um cháilíocht uisce go ceann tamall de bhlianta.

Ina theannta san, tá pleananna ag an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le huiscí ainmnithe d'éisc sliogán ar chósta Chiarraí. Cuirfear na pleananna i gcrích le linn 2011.

Scéim Bóthar a Uchtú

I gcomhar le Grúpa Pobail Ghleann Fleisce bunaíodh an Scéim 'Bóthar a Uchtú'. Bíonn an pobal páirteach i nglantachán imeall bóithre ina gceantar féin (thart ar 20 mile príomhbhóithre agus bóithre tánaisteacha atá i gceist). D'éirigh go hanmhaith leis an dtionscnamh a thosnaigh mí Bealtaine 2010 agus níl aon bhruscar le feiscint ar an mbealach seo isteach sa chontae. Tugann Comhairle Contae Chiarraí deontas €500 don phobal faoin Scéim Deontas um Thionscadail i gcoinne Bruscair. Cuireann an Chomhairle ábhar tacaíochta ar fáil agus is feidir leis an ngrúpa fáil réidh leis an mbruscar bailithe ag Stáisiun Aistrithe. Moltar an tionscnamh a leathnú chomh fad le bóithre straitéiseacha an chontae i 2011.

Sheol Leas Mheara Chiarraí An Comh Marie Uí Maoldomhnaigh a tarna Scéim Gaeilge ag an Oireachtas i gCill Airne i Mi Deireadh Fómhair 2010, le Leas-Mheara Chill Airne An Comh Michael Gleeson agus Roibeard Ó hEartáin, Oifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Chiarraí

Thug Oifigeach Feasachta Comhshaoil Comhairle Contae Chiarraí Micheal Ó Coilean, cuireadh to grupa ó Colaiste na Sceilge i Mi Nollag 2010.

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Bainistiú Bruscair

Ar na tionscadail smachtú bruscair le linn 2010 bhí Cláir Fheascahta ar siúl sna meáin áitiúla, trí scoileanna, Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Pobail. Tosnaíodh ar córais cuí faire a lorg chun cur leis an bhforfheidhmiú.

Gradam Trá Brat Gorm

D'éirigh go maiath linn anso i 2010 agus gach Brat Gorm fós againn ó anuraidh; bronnadh ceann arís ar Thrá An Machaire Beag. Tá an Clár Gradam Brat Gorm san áireamh cheana féin i mbuiseád na bliana 2011. Beidh monatóireacht ar siúl freisin ar na tránna is lú tráchta ag turasóirí.

D'ardaigh Meara Chiarraí An Comh Pat Leahy an Brat Gorm i dTrá Maharabeg le Gardai Tarrthála Claire O'Connell agus Paula Fitzgerald

Baile an Sceilg	An Fhianait
Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	Inse
Baile an Bhuinneánaigh Theas	Na Cealla
Baile Uí Thaidhg	An Machaire Beag
Na Beannaí	Ros Beithe
Doire Fhionáin	Ceann Trá
An Trá Bán Cathair Saidhbhín	

Gradam Cósta Glas

Bronntar an Gradam Cósta Glas ar thránna ar son glaine timpeallachta, ardcháilíocht uisce agus áilleacht na dúthaí. Don chéad uair riamh bronnadh an Gradam i gCiarraí nuair a bhain Beál Bán (Cuan Ard na Caithne), láimh le Baile an Fhirtéaraigh an Cósta Glas i 2010.

An Oifig um Fhuinneamh

Ba iad na saghasanna breosla ba mhó a ídíodh i bhfearas agus in áiseanna Comhairle Contae Chiarraí ná leictreachas (76.3%), breosla iontaise (21.9%) agus ábhar inathnuaite (1.8%). Ídíodh dhá dtrian den leictreachas chun seirbhísí uisce a sholáthar agus 18.3% i leith soilsiú poiblí.

I 2010 d'ídigh Comhairle Contae Chiarraí:

- 22,820 MWh leictreachas
- Thart ar 8,406 MWh breosla iontaise
- 921 MWh breosla inathnuaite (millíní adhmaid agus hidrileictreachas)

Comhairle Baile	Leictreachas Ídithe	Breosla Iontaise
Comhairle Baile Thrá Lí	2,494 MWh	1,300MWh
Comhairle Baile Chill Airne	989MWh	657MWh
Comhairle Baile Lios Tuathail	289MWh	197MWh

Scéim um Laghdú ar Bharrthrácht an Gheimhridh (WPDRS)

Le linn an gheimhridh 2009/2010, bhí ocht gcinn de stáisiúin chóireála agus caidéalaithe de chuid Comhairle Contae Chiarraí páirteach sa Scéim um Laghdú ar Bharrthrácht an Gheimhridh. Trín scéim seo spreagtar lucht gnó chun úsáid leictreachais a laghdú le linn uaireanta barrthráchta an chórais (5i.n.-7i.n.) le linn an gheimhridh (Samhain-Feabhra). Mar luach saothair íocann an soláthróir táillí dílseachta agus próifíle. Ar an iomlán fuarthas íocaíochtaí €48,469 ó sholáthróirí ar son rannpháirteachais don gheimhreadh 2009/2010.

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Tionscnaimh an Chiste Aischóirithe um Fheidhmiú Fuinnimh (EERF)

I mí Iúil faoi stiúir SEAI sheol Udaráis Áitiúla Chiarraí agus Comhairle Contae Chorcaí iarratas i bpáirt chun maoiniú a fháil ón gCiste EERF chun tionscnaimh um fheidhmiú fuinnimh a chur i gcrích. Ceadaíodh oibríocha ar chostas €709,375, dá bhfuil 71% ag teacht ó SEAI. Baineann 76% den mhaoiniú le Tionscnaimh de chuid Údaráis Áitiúla Chiarraí.

Ar na Beartais Fhuinnimh a chuaigh chun cinn le linn 2010 bhí an méid seo a leanas:

- Tá Córais Aerú Spréite Bolgán anois i réim sna Fearais Chóireála Fuíolluisce i gCill Airne, An Daingean, Cathair Saidhbhín agus An Neidín, rud a fhágann go bhfuil an-chuid fuinnimh á spáráil againn.
- Spáráladh suas le 20% den bhfuinnimh a bhíodh in úsáid i bhfearais Lios Tuathail agus Baile an Bhuinneánaigh.
- Tá an gineadóir hidrileactrach 250kW a chuir Comhairle Contae Chiarraí i stáisiún Loch Coiteáin i 2001 tar éis luach €835,000 a ghineadh faoi dheireadh Meán Fómhair. Ídítear na leictreachas úd ag fearas cóireála agus caidéalaithe Loch Coiteáin.
- Cuireadh dhá chaidéal atá fíoréifeachtach maraon le hinnill agus méadrú cumhacht is sruth in ionad an córas a bhíodh ag Hearthill. Meastar go spárálfar 31 MWh.
- Cuireadh isteach córas chun ocsaigín leáite a rialú ag fearas cóireála fuíolluisce Oilean Chiarraí. Meastar go spárálfar 56 MWh
- Cuireadh dhá chaidéal luais atá fíoréifeachtach maraon le hinnill, inbheartú minicíochta agus méadrú cumhacht is sruth in ionad an córas a bhíodh ag Stáisiún Caidéalaithe Ladhair an Chrompáin. Meastar go spárálfar 49 MWh.
- Cuireadh isteach caidéal bolscaire inlíne chun an leas is fearr a bhaint as an gcóras caidéalaithe ag An Cheapaigh, Cill Flainn . Meastar go spárálfar 31 MWh.
- Feabhsúcáin maidir le feidhmiú fuinnimh déanta ar 100 tigh údarás áitiúla.

Críochnaíodh na beartais seo a leanas idir Chomhairlí Baile Thrá Lí, Cill Airne & Lios Tuathail i 2010:

- Éifeacht soilsí agus uasghrádú rialaithe ag Reilig Ráth Theas agus ag Faiche an Bhaile.
- Éifeacht soilsí agus uasghrádú rialaithe maraon le coire comhdhlúthaithe ola in ionad teitheoirí stórais ag clós innealra TTC.
- Uasghrádú ar éifeacht soilsí agus teasa ag ionad acmhainní Ráth Únáin.
- Uasghrádú ar éifeacht an chóras teasa i halla pobail banna Naomh Eoin.
- Cuireadh laindéir 70W SON in ionad ocht solas mearcair ag Páirc Clieveragh agus seacht gcinn ag Gort Curráin i Lios Tuathail.
- Cuireadh isteach 144 chinn de shoilsí fíoréifeachtacha i dTrá Lí. Don chuid is mó cuireadh an saghas 55W CFL in ionad 70W SON a bhíodh ann.
- Teasdíonadh lasmuigh ar 104 thigh.

Seirbhísí Tréadliachta

Bíonn na seirbhísí tréadliachta ag Comhairle Contae Chiarraí freagrach as an gConradh Seirbhíse leis an Údarás um Shábháilteacht Bia a bhainistiú agus a riaradh, as rialú madraí agus capall, rialú galar ainmhithe agus rudaí eile gaolmhara dá réir.

Le fada an lá tá an tseirbhís maor madraí ar na cinn is fearr riartha sa chontae agus an dara áit bainte amach ag Ciarraí sa léig náisiúnta don líon ceadúnas madraí in aghaidh na bliana.

Maidir le rialú capall, fostaítear comhlacht phríobháideach slándála chun feidhmiú ar son na Comhairle. Leantar go héifeachtach de Thionscnamh Capall Thrá Lí cé go mbíonn fadhbanna ó am go chéile. Le linn 2010 síníodh conradh nua le comhlacht slándála tar éis próiseas forthairisceana.

Tuairisc ar na Seirbhísí Comhshaoil

Saotharlann na Comhairle

Cuireadh síneadh leis na háiseanna saotharlainne i rith na bliana agus ceannaíodh ionstramaíocht nua. Deineadh próiseáil i 2010 ar 5,900 sampla agus ar an iomlán bhí 76,761 triali i gceist mar a leanas:



Feithiclí Tréigthe	Uimhir
Líon Feithiclí Tréigthe	31
Líon bainte ag an úinéir i.e. gan aon Fhógra S71	9
Ar aghaidh chuig ranna eile	Roinn Bóithre 3
	Comhairlí Baile: 1
Eile i.e. eastát príobháideach, an carr imithe no gan a bheith tréigthe	6
Fós ar Siúl	1
Caitheamh Bruscair/Dumpáil Mhídhleathach	
Líon cás a Scrúdaíodh	552
Ar aghaidh chuig ranna eile	20
Líon cás a réitíodh	43
Glantachán déanta ag Maoir Bhruscair	**400**
	Gan aon fhianaise: 304
	Fíneálta ar an láthair: 96
Líon Cás Suntasach – Glantachán ag Oifigí Ceantair	31
Glantachán ag Úinéirí Talún/fógraí in airde i gcoinne dumpála	58

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring

Foireann Sinsearach:

Innealtóir Sinsearach (Oibriú) - John Kennelly
Innealtóir Sinsearach (Caipitúil) - Fergus Dillon
Príomhoifigeach Dóiteáin -Gníomhac- Vincent Hussey

"Tá sé de dhualgas ar dtús ar an Roinn Seirbhísí Uisce (Oibríochta): Fíoruisce slán sábháilte a sholáthar do chách, cóireáil Fuíolluisce a bhainistiú chun cur le cosaint chomhshaoil, Leithris Phoiblí a sholáthar agus a chothú mar a bhfuil gá leo, dóthain spás adhlactha a sholáthar de réir riachtanas an chontae anois agus sa todhchaí.

Tá dhá chuid sa chlár Ioncaim do na Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce mar a leanas.

- Mórscéimeanna Uisce Poiblí agus Scéimeanna Fuíolluisce
- Seirbhísí Uisce Tuaithe agus Grúpscéimeanna

Mar gheall ar rialacháin nua idir Eorpach agus Náisiúnta tá gá níos mó ná riamh leis an infheistíocht i mbonneagar uisce & fíoruisce. Caithfear na tionscnaimh úd a bhainistiú go cúramach idir airgeadas agus acmhainní; beidh ar údaráis áitiúla cuid mhaith den mhaoiniú caipitiúil a chur ar fáil maraon le costais chothabhála.
In ainneoin cúrsaí airgeadais a bheith mar atáid, áfach, tá buiséad nach beag ag Comhairle Contae Chiarraí chun na córais uisce & fuíolluisce sa chontae a fheabhsú.

Uisce Poiblí

- Cuireadh amach breis is 30 milliún méadar ciúbach fíoruisce (inólta) do 130 000 custaiméir trí 60 000 ceangal.
- Riaradh 65 Scéim Soláthar Uisce Poiblí ag Comhairle Chiarraí.
- Cothaíodh ar an iomlán 13 chinn d'fhearais chóireála fuíolluisce.
- Bhí áiseanna céadchóireála ar fáil i 32 shráidbhaile ar fud an chontae.
- Ordaíodh trí fhearas cóireála fuíolluisce i mBarra Dubh, Baile an Mhuilinn agus Na Foidhrí i 2010 mar chonarthaí Dearadh, Tógaint & Oibriú (DBO).
- Deineadh 160 ceangal nua le huisce.
- Deineadh 14 cheangal nua le fuíolluisce

Liosta Gníomh Feabhsúcháin (R.A.L.)

I 2008, Chuir an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) maoiniú ar fáil do Liosta Gníomh Feabhsúcháin maidir le Soláthar Fíoruisce Poiblí. Dá bhrí sin bhí ar chumas Údarás Áitiúla ar fud na tíre oibreacha díghalruithe agus cóireála áirithe a chur i gcrích ar scéimeanna beaga.
De bharr mórshuirbhé ar na scéimeanna uisce ar fad a bhí deanta againn i 2005, bhí an Chomhairle in ann iarratas cuimsitheach a sheoladh chuig an Roinn ag lorg maoinithe.
Mí Iúil 2008 d'fhógair an Roinn maoiniú €20m ar bhonn náisiúnta do Scéimeanna RAL agus beagnach a leath ag dul go Ciarraí, mar a bhí 9.863m.
Chuir an EPA scéimeanna breise leis an RAL i 2008 agus 2009. Nuair a lorg Comhairle Contae Chiarraí breis maoinithe ón Roinn i 2010, i mí Dheireadh Fómhair cheadaíodar €5.716m chun 12 scéim a uasghrádú faoin RAL.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

I 2010 deineadh móroibreacha uasghráduithe maidir le haláraim díghalruithe agus le fearas monatóireachta ag 36 Scéim ar leith Soláthar Uisce.

Deineadh Oibríocha Uasghráduithe Cóireála ar thrí Scéim i 2010. Ba bheag nár críochnaíodh Oibríocha Uasghráduithe Cóireála ar sheacht Scéim eile, Soláthar Uisce Chiarraí Láir san áireamh; sin í an tríú scéim is mó sa chontae agus í ag freastal ar breis is 5,000 caiteoirí.
Tá réamhobair déanta ar an láthair chun fearais chóireála uisce a sholáthar do 12 Scéim eile Soláthar Uisce le linn 2010.

Gaiscí Tábhachtacha i 2010

- Leagadh príomhphíopaí nua ag An Comhad, Cathair Dónall, Cathair Saidhbhín, An Mhuiríoch, Cill Maoilchéadair, An Chlais, Eanach, Cathair Slí, Béal Átha Longfoirt, Lios an Phúca, An Com, Droichead Fleisce Cill Airne, An Siopa Dubh, An Neidín agus An Caladh
- Cuireadh isteach comhlaí agus seomraí nua ag Cill Rialaig, An Coireán, Lenamore, Tarmons, Dairbhre, Cathair Saidhbhín
- Athcóiriú suntasach ar theacht isteach Soláthar Uisce ag An Mhuiríoch, Baile Mór, Baile an Fheirteáraigh, Baile an bhFionnúrach, Dún Chaoin, An Fhianait, Gráig, Leataoibh, Riasc and Tíorabháin Thoir.
- Feabhas ar an gcáilíocht uisce ag Cathair Saidhbhín, Málainn, Gleann Doire, An Mhuiríoch, Ard Fhearta, Brosna, Réigiún Láir, Laherseragh, Ladhair an Chrompáin, Ciarraí Láir agus An Coireán.
- Oibrithe feabhsúcháin agus slándála ar an taischumair ag Baile Mhic Adáim, Coomnahorna Thoir agus Thiar, Behehanes, Derrynabeg, Gowlanes, An Coireán, Sosadh, An Ghleann, An Teampall Nua, An Neidín, Doonamontane, Tarmons agus Maigh Mheáin
- Thosnaigh clár glantachán do thaiscumair ar fud an chontae agus tá breis is 30 díobh déanta chean féin.
- Fearas fluairídithe anois ag Loch Coiteáin agus i mBrosna (maoiniú FSS)
- Uasghrádú an-mhór ar na stáisiúin chaidéalaithe ag an mBaile Dubh, Cill Flainn agus Ladhair an Chrompáin; fuarthas maoiniú 70.5% den chostas ó SEAI agus táthar tar éis an-chuid fuinnimh a spáráil dá mbarr.
- Athchóiriú déanta ar thoibreacha tollta Ard Fhearta.
- Oibreacha athchóirithe déanta ar na píopaí a bheireann isteach amhábhar ag Loch Coiteáin agus leathnaíodh an Córas SCADA (Maoirseacht, Rialú agus Fáil Sonraí) maidir leis an Soláthar don Réigiún Láir.

Fuíolluisce Poiblí

Ar na hoibreacha tábhachtacha a tharla ar an ngréasán fuíolluisce maidir le huasghrádú i 2010 bhí an méid seo:

- I gcomhar le Fuinneamh Inmharthana Éireann críochnaíodh uasghrádú suntasach ar an gcóras aeraithe i bhFearas Cóireála Fuíolluisce (WWTP) An Neidín, spárálfar an-chuid fuinnimh go ceann roinnt blianta dá bharr.
- Deineadh athchóiriú ar na scagairí agus ar na léirghlantóirí ag WWTP Thrá Lí.
- Raghaidh an t-uasghrádú an-mhór ar chórais rialaithe agus SCADA i bhFearas Cóireála Fuíolluisce Oileán Chiarraí i gcion go láidir ar spáráil fuinnimh go ceann i bhfad, an méid seo deanta arís i gcomhar le Fuinneamh Inmharthana Éireann.
- Deineadh athchóiriú suntasach ar Fhearas Cóireála Fuíolluisce Maigh Mheáin
- Caidéil uasghrádaithe nó cinn nua ar fad istigh do Scéimeanna Séarachais An Neidín, An Ráth Mhór, Cill Orglan, Baile an Bhuinneánaigh, An Fhianait agus Baile an Ridire.
- Leantóir gláir nua maraon le caidéil ghláir ag WWTP Chathair Saidhbhín.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Uisce Tuaithe

Is iad Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe agus a chabhraíonn le grúpscéimeanna uisce. Forbraíodh ar an iomlán 475 Grúpscéim Uisce i gCiarraí, dá bhfuil 183 scéim faoi chúram Comhairle Contae Chiarraí.

Sular glacadh leo mar Mhuirear leagadh den Uasghrádú ar an Grúpscéimeanna Uisce seo a leanas i 2010 – Ballintarmon, Coolick, An Dúinín(Oileán Chiarraí), Tonevane/Sliabh, Tuath Ó Siostsa, An Bán Mór Uimh. 3, Ros Dochan agus Lyranes. Críochnaíodh na hoibreacha chun na Grúpscéimeanna se a leanas a uasghrádú i 2010 – Muingaphuca, Lios an Phúca, Glens North, Léim Uí Dhúda, Ardteegalvin, Méanas, Gortnascarry, Lyranes, Rathbeg agus Coolick. Is féidir anois glacadh leis na scéimeanna úd mar mhuirear orainn ach na cleachtais riaracháin cuí a bheith déanta.

Gaiscí Tábhachtacha i 2010

- Chaith Comhairle Contae Chiarraí €800,000 chun grúpscéimeanna uisce a ghlacadh mar mhuirear orthu féin.
- Caitheadh €250,000 ar chúnamh do ghrúpscéimeanna nua agus ar uasghrádú scéimeanna atá bunaithe cheana féin.
- Caitheadh €745,000 eile fós ar scéimeanna beaga uisce agus séarachais phoiblí a fheabhsú, go háirithe ar oibreacha a chuirfeadh leis an gcáilíocht fíoruisce.
- Fuarthas 50 iarratas ar Dheontas Tobair.
- Bronnadh íocaíochtaí fóirdheontais ar 48 gcinn de Ghrúpscéimeanna.

Caomhnú Uisce

De dheasca athruithe ar nósanna beatha agus mar gheall ar an bhfás daonra tá brú níos mó ná riamh ar sholáthar uisce sa chontae. Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí leis an dTionscnamh Caomhnú Uisce chun úsáid éifeachtach ár gcuid acmhainní a chinntiú.

De bharr a bhfuil déanta faoin dTionscnamh Caomhnú Uisce tá laghdú 12.2% ar sholáthar uisce sa chontae ón mbeann a bhí ann i 2006. Toradh is ea an méid seo ar an éileamh ag cúlú, ar oibreacha deisiúcháin agus ar an mbrú a bhainistiú mar is cóir. Fuarthas breis is 3 500 sceitheadh agus deisíodh iad ó thosnaigh an Tionscnamh um Chaomhnú Uisce i 2005. Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de na gnáthdhualgais laethúla agus tagann an maoiniú ó ioncam na comhairle.

Nuair a críochnaíodh an Clár um Athchóiriú príomhphíopaí go deireanach i 2009 mar chuid den aighneacht faoi Mheasúnú Gá, d'fhógair an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go rabhthas ag infheistiú €18.79 milliún in Oibreacha Athchóirithe Príomhphíopaí mar chuid den Chlár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce 2010-2012.

Reiligí & Leithris Phoiblí

Reiligí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as na 140 reilig atá faoina gcúram nó ar leo féin iad a stiúradh agus a chothabháil. Is suímh seandálaíochta iad 92 reilig sa chontae agus cosnaítear iad siúd faoin Acht um Shéadchomharthaí. Caithfear cead speisialta a lorg roimh ré chun obair a dhéanamh orthu agus déantar maoirseacht ar a ndeintear ó thaobh seandálaíochta de. Ní mór chomh maith a bheith fíorchúramach agus discréideach faoi na cúrsaí úd.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Gaiscí Tábhachtacha i 2010

- I 2010 lorg Comhairle Contae Chiarraí forthairiscintí chun thart ar 70,000 taifead adhlacthaí a Scanáil agus a Chlarú; bhí Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thoir, IRD Dúiche Ealla, Comhar Forbartha Chiarraí Theas agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta go léir i bpáirt linn sa iarratas. Tá sé mar aidhm ag an dtionscnamh scanáil ardchaighdeáin a dhéanamh ar bhunleabhair i dtreo a gcaomhnuithe agus ag an am gcéanna suíomh Idirlín a chruthú chun go mbeidh teacht ag an bpobal go héasca orthu. Tá sé ar intinn an suíomh a sheoladh i 2011.
- Bíonn an-bhaint anois ag grúpaí pobail le reiligí a choimeád glan agus a chothabháil agus tá feabhas leanúnach ar mhórán reiligí i gCiarraí dá bharr san. Tá Comhairle Contae Chiarraí thar a bheith buíoch don chúnamh úd agus don tacaíocht agus bhíomar ag comhoibriú le breis is 50 coiste le linn 2010.
- I 2010 fuarthas maoiniú €53,858 ón gCiste Náisiúnta Míchumais chun an bonneagar Reiligí a fheabhsú.
- Mar chuid den Chlár leanúnach Feabhsúchán cuireadh cosáin agus gnéithe eile bonneagair i móran reiligí le blianta anuas.
- Tosnaíodh ar reilig nua a fhorbairt ag Baile Uí Bhaoithín i 2010.
- Tá dualgais reachtúla Chomhairle Contae Chiarraí críochnaithe maidir le síneadh a chur le Reilig Mhainistir Doire Fhionáin. Táthar ag feitheamh ar cháipéisí ón bPríomh-Aturnae Stáit chun an suíomh a mhalartú.
- Ó 2006 i leith tá suirbhé leanúnach GPS ar siúl maidir leis na reiligí ar suímh seandálaíochta iad, san áireamh beidh bunachar grianghrafanna agus tá 63 chinn de reiligí déanta go dtí seo.
- I 2010 leanadh den chlár ar fud an Chontae chun tuamaí gránna nó baolacha a dhúnadh. Tá clár ar bun i gCiarraí Láir a leanfaidh isteach sa bhliain 2011 chun eidhneán a ghearradh agus chun caoi a chur ar chrainn nó ar bhuinneáin, bídís ag fás ar fhothraigh eaglasta nó ar fhallaí teorann reiligí.

Leithris Phoiblí

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as 29 Leithreas Poiblí ar fud an Chontae. Tá 19 gcinn d'áiseanna buan faoi chúram na Comhairle maraon le roinnt leithreas soghluaiste in áiteanna éagsúla.

Tá an Chomhairle buíoch do na Coisti Áitiúla a thugann aire do na leithris phoiblí ag An tSnaidhm, Na Cealla, Baile an Ridire, An Caladh, An Coireán, Baile an Bhuinneánaigh agus An Cromán.

Tharla móroibreacha uasghráduithe ar na leithris in áiteanna; san áireamh bhí Trá na Beannaí, Baile an Bhuinneánaigh, An Fhianait, Caisleán Ghriaire agus Ros Beithe – tá Brat Gorm acu siúd go léir agus tarraingt orthu mar thránna. Cuireadh leithris nua ag An Daingean agus Na Cealla.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Caipiteal Seirbhísi Uisce

Tá an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce freagrach as bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar don chontae, san áireamh bíonn scéimeanna nua a dhearadh agus a riaradh trín gcéim tógála.

Go príomha tagann an maoiniú ón gClár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce atá ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ach de ghnáth caitheann Comhairle Contae Chiarraí síntiús nach beag óna cuid maoiniú féin chun cur leis an méid a fhaightear.

2010 Dul Chun Cinn	Tionscnaimh	Meastachán
Déanta	Scéim Séarachais Baile an Mhuilinn	€4.99m
	Scéim Séarachais Barra Dubh	€3.53m
	Scéim Séarachais Na Foidhrí	€3.7m
Tógáil fós ar Siúl	Scéim Séarachais Ros Beithe	€0.2m
	Scéim Séarachais Bréanainn	€0.15m
	Staidéar Straitéiseach – Tionscnamh Gláir & Fuíolluisce Chontae Chiarraí	€1.0m
Pleanáil fós ar Siúl	Fearais Chóireála Uisce & Séarachais An Coireán	€10.3m
	Scéim Soláthar Uisce Reigiún Láir – Taischumar Scart	€5.07m
	Scéim Soláthar Uisce Reigiún Láir – Fearas Cóireáil Uisce	€20.0m
	Tionscnamh Athbhunú Príomhphíopaí um Chaomhnú Uisce	€18.79m
	Scéim Soláthar Uisce An Neidín – Oibreacha Cóireála	€6.0m
	Scéim Séarachais An Neidín	€9.8m
	Scéimeanna Séarachais do Shráidbhailte: Ard Fhearta, Béal Átha Longfoirt, Caisleán na Mainge, An Fhianait, Gleann Beithe, Cill Choimín, Tairbeart	

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí

Leanadh den uasghrádú ar Scuaine Seirbhís Dóiteain Chiarraí le linn 2010.

Fuarthas Inneall Uisce nua mí Bealtaine 2010 faoin Scéim Caipiteal Seirbhísí Dóiteáin 2008. Tosnaíodh i 2010 ar Inneall eile Aicme B le súil go mbeidh sé againn mí Lúnasa 2011 faoin Scéim Caipiteal Seirbhísí Dóiteáin 2009.

An Clár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin

Leanadh den Chlár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin a chur i gcrích i 2010.
Fuarthas 3,200 aláram deataigh le dáileadh ar dhaoine leochaileacha i measc an phobail le cabhair ón Roinn Pobail & Fiontair.

Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláirí sa tríú rang i mbunscoileanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

- Tháinig an Bhriogáid amach ar slógadh 1, 578 uaire le linn 2010.
- Ba iad Tinte Fraoigh, Tinte Simné, Timpistí Bóthair agus Tuilte na hócaidí ba mhó a bhíodh i gceist nuair a ghlaotaí amach ar shlógadh na Briogáide.
- Tháinig méadú 133% ar Thinte Fraoigh agus 58% ar Thinte Simné seachas figiúirí 2009.
- Ba mhaith an rud é gur tharla laghdú 90% ar Thuilte seachas fhigiúirí 2009.
- Eisíodh 134 Theastas Sábháilteachta Tine le linn 2010.

Rialú Foirgníochta

Fuair an Roinn Rialú Foirgníochta 515 Fhógra Tosach Feidhme agus Fograí 7 Lá i 2010 a bhain le 560 foirgneamh. Scrúdaigh na hoifigigh 28.93% d'fhoirgnimh fhógraithe.

Bíonn an Roinn Rialú Foirgníochta ag scaipeadh eolais agus ag cur le feasacht ar an Rialacháin Fhoirgníochta trí:

- Foirgnimh a scrúdú maidir le géilliúlacht do na Rialacháin Fhoirgníochta
- Comhairle a chur ar dhaoine maidir leis na Rialacháin Fhoirgníochta
- Rochtan a sheiceáil do lucht míchumais
- Na Teastais Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgnimh (BER) a lorg chun caomhnú i gcúrsaí fuinnimh agus breosla a chur chun cinn.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Cosaint Shibhialta

Oibríonn saorálaithe de chuid Cosaint Shibhialta faoi stiúir Oifigeach Cosaint Shibhialta san Údarás Áitiúil cuí. Oiltear iad sna scileanna riachtanacha mar atá garchabhair, tarrtháil, cothú éigeandála, cúram aslonnaithe, cumarsáid, cuardach ar muir/ar tír, tuilte agus monatóireacht raidithe.

Tá sé sheirbhís éagsúla faoi chúram Cosaint Shibhialta Chiarraí.

- Seirbhís Timpiste
- Seirbhís Tarrthála
- Seirbhís Maor – Monatóireacht Raidithe
- An tAonad Leasa
- Seirbhís Chúnta Dóiteáin
- Cumarsáid

Tá thart ar 140 ball gníomhach ar fud Chontaer Chiarraí. Tá 19 dteagascóir i gCosaint Shibhialta Chiarraí atá cáilithe chun na hábhair éagsúla a mhúineadh tríd an eagraíocht ar fad.

Príomhimeachtaí na bliana 2010.

- D'eagraigh Cosaint Shibhialta Chiarraí dhá Fhreacnamh Réigiúnach Cosaint Shibhialta i gceantar Thrá Lí ar son an Bhord Cosaint Shibhialta.
- Tá cúrsa nua measúnaithe anois ar bun do thiománaithe a oibríonn le feithiclí Cosaint Shibhialta.
- Tá cúrsa nua 4WD anois ar bun chun oiliúint idir bhunúsach agus oilte a sholáthar go háirithe maidir le tiomáint trí thuilte agus ar bhóithre reoite.
- Glaodh amach ar Cosaint Shibhialta Chiarraí chun foirne éigeandála a iompar le linn na Drochaimsire I ár an Gheimhridh.
- Osclaíodh ionad nua Cosaint Shibhialta i gCeann Trá agus 24 shaorálach acu cheana féin.
- Garchabhair agus Otharcharranna ag móran imeachtaí spórt mar Rásaí Lios Tuathail, Maratón An Daingean, Slógthaí, Aonach an Phoic, Féile Chiarraí agus an Comórtas Oscailte Galf i gCill Airne.
- Ar an iomlán chlúdaigh Cosaint Shibhialta Chiarraí 97 gcinn d'ócáidí difriúla ar fud an chontae i 2010.
- Ar an iomlán cláraíodh 34 earcah nua i gCosaint Shibhialta Chiarraí.
- Oileadh agus cáilíodh dáréag i gCúrsaí Céadchabhrach Éigeandála don Seirbhís Taismeachta.
- Oileadh agus cáilíodh beirt Teagascóir Cumarsáide.
- Forbraíodh an Roinn Bád agus í anois istigh leis an Seirbhís Chúnta Dóiteain i gcás freagairt do thuilte.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Stiúrthóir Seirbhísí: Michael McMahon

Foireann Sinsearach:

Innealtóir Sinsearach: Paul Stack
Príomhoifigeach Sinsearach: Joan McCarthy

"Comhshaol geilleagrach agus fisiciúil anso i gContae Chiarraí a bhainistiú mar is cóir agus bearta chuige sin a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú".

Rialú Pleanála

Is leis na hiarratais phleanála is mó a bhíonn an roinn Phleanála ag obair de ghnáth. Arís i 2010 bhí laghdú ar an líon iarratas sna hearnála ar fad. Go háirithe, bhí an líon iarratas a bhain le heastáit mhóra tithíochta agus le forbairtí gnó ní ba ísle ná mar a bhí ó na 1990dí luatha i leith.

Ar an gcuma céanna, is é is dóichí nach mbeidh aon athrú ró-mhór ar chúrsaí an bhliain seo chugainn 2011. Dá bhrí sin laghdaíodh an líon foirne idir riaracháin agus teicniúla san Aonad Bainistíocht Fhorbartha; aistríodh roinnt daoine go dtí ranna eile a bhí gnóthach arís, mar an Aonad Eastát Tithíochta.

Ar an iomlán fuarthas 1, 300 iarratas pleanála i 2010, b'shin laghdú 18% ar fhigiúir 2009. Is é an dála ceanna é ag údaráis áitiúla eile de dheasca cúrsaí geilleagair a bheith ag cúlú mar atáid faoi láthair ar fud na tíre.



Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Forfheidhmiú Pleanála

Oibríonn an Roinn Fhorfheidhmithe anois i dteannta an Aonad Eastát Tithíochta agus iad ag plé le heastáit nár críochnaíodh de réir an chead a tugadh dóíbh. Dá bhrí sin bhí méadú ar an ualach oibre i 2010 maidir le forfheidhmiú.

	Eanáir – Nollaig 2010	Nótaí
Líon gearán pleanála a scrúdaíodh	379	San áireamh anso tá na gearáin scríofa go léir a fuair an tÚdarás Pleanála maraon le tuairiscí ó fhoireann na Comhairle Contae.
Líon gearán pleanála a díbheadh	86	San áireamh anso tá na gearáin go léir a scrúdaíodh sa chás nach raibh aon ghá le Litir Rabhaidh agus/ná le Fógre Forfheidhmithe.
Líon gearán pleanála a réitíodh trí chomhráití	167	Líon cás a réitíodh nuair a tugadh Cead Coimeádta nó gur dhein an forbróir pé oibreacha a bhí riachtanach de réir na Rialachán Pleanála & Forbartha.
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí litir a eisiúint	115	Líon na litreacha Rabhaidh a eisíodh faoi réir ag Alt 152 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000 - 2007.
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí fhógraí forfheidhmithe a eisiúint	128	Líon Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh faoi réir ag Alt 154/155 de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000 - 2007
Líon ionchúiseamh	8	Líon cas cúirte ar éistíodh leo sa chúirt don chéad uair. Cuireadh 25 chomhad eile ar aghaidh chuig an Dlíodóir Contae le linn na tréimhse céanna.

Na daltai leis na pictuiri a bhi roghnaithe do Féilire Sábháilteacht Bóithre Comhairle Contae Chiarraí ag lainse an Féilire i Áras an Chontae.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Pleanáil ar Aghaidh

Tá sé de chúram ar an Aonad Pleanáil ar Aghaidh an Plean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantar Áitiúla a ullmhú, a chur i gcrích agus a mhaoirsiú. Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009 – 2015 6 Aibreán 2009 agus cuireadh i bhfeidhm é 4 Bealtaine 2009. Mairfidh an Plean úd go ceann sé bliana agus tá creat polasaí ann don chontae ar fad.
Le linn 2010 leanadh de Phleananna Ceantar Áitiúla do na Ceantair Fheidhme atá ar liosta straitéis lonnaithe sa Phlean céanna 2009-2015 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Pleananna Ceantar Áitiúla

Is maith ann iad na Pleananna Ceantar Áitiúla chun go bhforbrófar áitrithe ar shlí a bheidh éifeachtach agus aontaithe. Le linn 2010 deineadh athbhreithniú ar dhá Phlean Ceantar Áitiúla agus ghlac na baill tofa leo, tar éis dhá thréimhse comhairliúchán poiblí.

- Plean Ceantar Feidhme An Neidín (glactha 19 Aibreán 2010)
- Plean Ceantar Feidhme Cill Orglan (glactha 19 Iúil 2010)

Straitéis Lárnach

Toisc go bhfuil an tAcht um Phleanáil & Forbairt (Leasú) 2010 i bhfeidhm anois, tá an Roinn Pleanála i mbun Straitéis Lárnach a ullmhú mar a mhínítear in Alt 7 den Acht céanna.
Laistigh den Straitéis Lárnach léireofar forbairt faoi chúram Ccomhairle Contae Chiarraí go ceann tréimhse an Phlean; cuirfear san áireamh fás daonra, bonneagar a bheidh ar fáil, seirbhísí agus conláistí.
Maolófar an Plean Forbartha Contae dá réir agus meastar go nglacfar leis an Straitéis mí Meán Fómhair 2011.

I lár na bliana 2010 tosnaíodh ar Straitéis um Fhuinnimh Gaoithe agus Inmharthana a ullmhú. Arís ta sé i gceist glacadh leis an straitéis úd faoi dheireadh na bliana 2011.
Cé go gclúdaítear go reachtúil tréimhse sé bliana sna Pleananna Ceantar Áitiúla, meastar mar sin féin go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs a bhfuil ráite sa Straitéis Lárnach mar gheall ar fhorbairt áitrithe.

Aonad Eastát Tithíochta

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cigireacht ar eastáit tithíochta sa chontae ó bhunaíodh an Aonad Eastát Tithíochta i 2009. Go dtí seo táthar tar éis 498 láithreacha a aithint mar a bhfuil forbairt nár críochnaíodh nó mar a bhfuil gá le hoibreacha a dhéanamh orthu. Tá an tAonad Eastát ag comhoibriú le forbróirí chun go gcríochnófar gach aon eastát ar chaighdeán sásúil.

Ní mór dúinn i gcónaí bannaí árachais/airgeadais a fháil ina leithéid de chás mar chosaint ar eagla nach gcomhlíonfaí na coinníollacha pleanála. D'fhéadfaí an banna a tharraingt anuas ansan chun go gcuirfeadh an tAonad Eastát an obair i gcrích. Le linn 2009 agus 2010 tarraingíodh anuas bannaí airithe agus bhí an Chomhairle in ann roinnt eastát a chríochnú.
Déantar cigireacht ar eastáit nua roimh ré agus le linn na tógála. Go dtí seo aithníodh 14 chinn agus tá an tAonad ag comhoibriú le forbróirí agus monatóireacht á dhéanamh ar gach aon chéim ar aghaidh.

Leantar den obair a bhaineann le heastáit a ghlacadh mar mhuirear ar an gComhairle. Le linn 2009 fuarthas 45 iarratas agus glacadh sé chinn díobh mar mhuirear. I 2010 glacadh cúig chinn mar mhuirear orainn as ocht n-iarrartas. B'iad san:

- An Bóthar Buí, Cathair Saidhbhín
- Eastát Cúl Doire, Trá Lí
- Eastát Woodview Park, Trá Lí
- Eastát Meadow Lane, Baile Dubh
- Eastát Clarin Wood, Sionnach, An Ráth Mhór

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Scéim Deontas Caomhnaithe

- Fuarthas 40 iarratas ar mhaoiniú.
- Dáileadh 24 dheontas as an iomlán €109,000 a fuarthas ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil

An Seandálaí Contae

Tá Roinn Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

- Tionchar Seandálaíochta a Mheas/Monatóireacht/Trialacha Tochailte
- Reiligí/Pleanáil & Polasaí/Seandálaíocht an Chontae a Thaifeadadh agus a chaomhnú

Gaiscí Tábhachtacha

- Críochnaíodh dhá Mheasúnú Tionchar Seandálaíochta
- Tharla Trialacha Tochailte Ceadaithe ar dhá thionscnamh
- Tharla monatóireacht seandálaíochta ar sé thionscnamh
- Deineadh moltaí maidir le 150 iarratas pleanála
- Críochnaíodh suirbhé cuimsitheach ar 17 gcinn de reiligí atá cosanta ó thaobh seandálaíochta de
- Tá clár ar bun i dteannta na Seirbhísí Uisce chun tuamaí a dhúnadh agus chun eidhneán a ghearradh/caoi a chur ar iomarca fáis ar fhothraigh eaglasta nó laistigh de reiligí. Tharla oibreacha ar 20 reilig le linn 2010.
- Leantar den obair trín gcóras chun cead a fháil obair a dhéanamh i reilig agus de nósanna nua do shábháilteacht struchtúr istigh i reiligí.
- Críochnaíodh oibrithe Caomhnuithe agus cuireadh Painéal Eolais in airde ag tuama pasáiste Béal Átha n a Ceartan.
- Eisíodh treoracha maidir le seandálaíocht i gcomhthéacs fuinnimh inmharthana agus úsáid cnoc.
- Bhí an Roinn páirteach i Meitheal Oibre sa Roinn Comhshaol, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil a dhein athbhreithniú ar reachtaíocht Séadchomharthaí Náisiúnta

An Oifig Oidhreachta

Le linn 2010 cuireadh tús san Oifig Oidhreachta le ceithre mhórthionscnamh agus maoiníodh naoi gcinn eile i measc an phobail. Cuireadh 238 n-iarratas pleanála agus mórán eile a bhain le Cuid 8 ar aghaidh chuig an Oifig Oidhreachta chuna dtuairimí a lorg. Cabhraíodh freisin le pleananna ceantar feidhme a chur le chéile, le Measúnaithe Straitéiseacha Comhshaol (SEA) agus le Measúnaithe Cuí (AA) a ullmhú.

Seoladh moltaí chuig an Roinn Comhshaol, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus chuig an Roinn Pleanála i gComhairle Contae Chiarraí maidir le breis is 230 iarrtas pleanála. Deineadh moltaí freisin i gcás iarratas chuig Comhairlí Baile Thrá Lí agus Lios Tuathail. Bhí comhráití againn le Comhairle Baile Thrá Lí faoin síneadh atá molta don slí siúlóide/raon rothair Abhainn na Laoi.

Deineadh suirbhé iomlán GPS agus GIS ar 17 reilig leis an Údarás Áitiúil atá i Liosta Séadchomharthaí agus Láithreacha an chontae. Tá cuntas an-chruinn anois againn dá réir ar leagan amach agus ar staid na reiligí úd.

Maoiniu ón gComhairle Oidhreachta	Maoiniu ó Chomhairle Contae Chiarraí
• Suirbhé ar Ghnáthóga Uirbeacha • Suirbhé Seandálaíochta i Reiligí • Suirbhé Fálsceach Chiarraí Thuaidh is Thoir • Iniúchadh ar Oidhreacht an Chósta	• Suirbhé Bithéagsúlachta i Reiligí • Comharthaí i gCoill Bhaile Ó Síoda • Comharthaí agus feabhas ar bhealach isteach go reilig Béal Átha na Ceartan • Caomhnú déanta i sé chinn de reiligi an chontae • Suirbhé is Taighde ar an Scréachóg Reilige • Oibreacha ar Reilig Naomh Shéamais, An Daingean • For-rochtain Scoile ag Marine Dimensions • Imeachtaí Seachtain Oidhreachta

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Stiúrthóir Seirbhísí: : John Breen

Foireann Sinsearach:

Leabharlannaí Contae: Tommy O'Connor

"Through our work we provide support to agencies such as the Kerry County Development Board, Joint Policing Committees and other groups which support local communities. Our County Libraries provide access to all communities arount the county.

Pobal & Fiontar

Le linn 2010 thacaigh an Roinn Pobail & Fiontair i gcúrsaí teicniúla agus riarachán le mórán grúpaí mar Bord Fiontar Chontae Chiarraí, Comhchoiste Póilíneachta Chiarraí, Comhar Spórt Áitiúil Chiarraí, An Coiste Polasaí Straitéiseach um Chultúr agus Turasóireacht 7rl. Bíonn an Roinn ag comhobriú freisin le háisínteachtaí seachtracha mar an earnáil Phobail agus na Ranna Rialtais maidir le forbairt a gcud clár siúd.
Is fíor a rá go gcaithfear, anois níos mó ná riamh, a bheith ag saothrú lena chéile ar an gcuma san chun a bheith éifeachtach le linn cúlú eacnamaíochta. Bhí dúshláin romhainn ar fad i rith na bliana seo caite mar gheall ar shrianta a bheith ar chúrsaí foirne agus maoinithe.
Le linn 2010, bhí tréaniarracht ar siul ag an Roinn Pobail & Fiontair chun margadh maith éifeachtach a chur ar fáil i gcónaí i ngach a raibh ar siúl againn. Ag seo thíos na réimsí tábhachtacha oibre a cuireadh chun cinn i gcaitheamh na bliana:

Fóram Pobail & Deonach Chontae Chiarraí

- Tharla seacht gcruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.
- Tharla athbhreithniú ar an gClár Grúpaí Pobail agus Deonach i 2010.
- Tá 528 ngrúpa Pobail & Deonacha cláraithe ag an bhFóram.
- Mí Dheireadh Fómhair 2010 bhí an Bainisteoir Contae mar Chathaoirleach ar Sheimineár Gréasán Cumarsáide don Phobal mar a raibh plé ar mholtaí a fhorbairt. Bhí breis is 80 i láthair.
- Tionóltar cruinnuithe idir na naoi ngréasán ceantar agus Comhlachtaí Forbartha Áitiúla.
- Bhí Clár Nasc Oilúna a chuir oiliúint ar fáil do 120 grúpa sa chontae i gcúrsaí bainistíochta agus rialuithe.
- Leanadh den Scéim Árachais Pobail & Deonach.

Gradaim Phobal Chiarraí

Ba í seo an t-ochtú bliain don Tionscadal Gradaim Phobal Chiarraí agus ba é an tAire Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Pat Carey TD a labhair agus na duaiseanna á mbronnadh. Bronnadh an príomhghradam 2010 ar an Kerry Flyer don tionscnamh Haló Chiarraí. Seo líne cabhrach atá ar fáil acu go speisialta do dhaoine leochaileacha i measc an phobail.

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Mórtas Ceantair

- D'imigh trí ghrúpa pobail le hainmniúchán ó Chomhairle Contae Chiarraí, Cnoc na gCaiseal, Gaeltacht Uíbh Ráthaigh agus Oideachas Saol Chiarraí chuig an Comórtas Mórtas Ceantair 2010.
- Bhuaigh Oideachas Saol Chiarraí an chéad áit sa tír sa Chatagóir Freagairt an Phobail d'Andiúlachas ag an Searmanas Bronnta Gradam.
- Bhí an Grúpa ó Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ar an ngearrliosta ina gcatagóir féin.

Straitéis Idiráisínteachtaí do Lucht Siúil Chiarraí (KITS)

- Deineadh Athbhreithniú ar an Straitéis i 2010.
- Dhírigh an Clár Réaltscoláirí ar Dhaltaí na Cúigiú bliana; fuarthas taithí oibre do thriúr acu i gComhairle Contae Chiarraí agus do mhórán eile acu le háisínteachtaí éagsúla.

Straitéis Imeasctha Chiarraí 2010 - 2012

- Fo-ghrúpa de chuid an Bhord Forbartha Contae a seoladh Meán Fómhair 2010 is ea Straitéis Imeasctha Chiarraí.
- Straitéis iláisínteachta is ea í a dhíríonn ar thacaíocht d'inimircigh sa chontae.
- Déanfaidh Meitheal Oibrithe monatóireaht ar an straitéis.
- Fuair Comhairle Contae Chiarraí maoiniú €55,000 ó Oifig an Aire Inimirce (OMI) lena chaitheamh ar thionscnaimh éagsúla a aithníodh sa straitéis. Is í an Roinn Pobail & Fiontair a dháileann an maoiniú ar 12 cheann de ghnímh imeasctha a bhíonn ar siul ag áisínteachtaí ar fud an chontae.

Coiste Seirbhísí Leanaí Chiarraí

- Bunaíodh an Coiste Seirbhísí Leanaí Chiarraí (KCSC) Meán Fómhair 2010 chun polasaí agus pleananna straitéiseacha a eascraíonn ón gcomhaontú i dTreo 2016 agus ón Straitéis Náisiúnta Leanaí a chur i gcrích.
- Tosnaíodh ar phlean oibre a dhréachtadh i 2010.
- Tá ionadaíocht ar an gcoiste ag gach aon áisínteacht agus eagraíocht sa Chontae a bhíonn ag plé le leanaí agus le daoine óga, (FSS, CCC, SOC, Gardaí, 7rl).
- Ceapadh comhordaitheoir don Choiste mí na Samhna 2010.

Comhairle na nÓg

- Ag ócáid de chuid Comhairle na nÓg mí na Samhna 2009 roghnaíodh ochtar chun dul go dtí Dáil na nÓg ar son Chiarraí mí na Márta 2010.
- Toghadh grúpa lárnach 12 chun cur le meon ionadaíochta na Comhairle.

Meitheal Fiontar Chiarraí (KEAT)

- Le linn 2010 deineadh athbhreithniú ar aidhmeanna agus ar obair an mheitheal KEAT chun díriú ar nithe tábhachtacha.
- Tharla athbhreithniú leanúnach ar dhífhostaíocht sa chontae.
- Bhí Seimineár 23 Márta 2010 agus breis is 600 i láthair. Tugadh "Céim ar Aghaidh" air seo agus scai peadh móran eolais ar chuardach post, earcaíocht, cearta leasa shóisialaigh, tús fiontair, oideachas agus oiliúint.

Grúpa Straitéiseach Turasóireachta (TSG)

- Díríodh i 2010 ar shonraí cruinn ceart a bhunú maidir le turasóireacht i gCiarraí.
- Tá ról cinnte anois ag an ngrúpa maidir le comhordú na gcomhlachtaí a bhíonn ag plé le margaíocht agus le cur chun cinn Chiarraí, an grúpa nua Fáilte Chiarraí agus an grúpa "Turasóireacht ar fud Chiarraí" san áireamh.

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Joint Policing Committee

Ationóladh Comhchoiste Póilíneachta Chiarraí go deireanach i 2010. Seo fóram do chomhráití faoin bpóilíneacht i gCiarraí agus do phlé moltaí dá réir idir Údaráis Áitiúla, An Garda Síochána, Teachtaí Dála agus an earnáil phobail agus deonach. Díreofar anois ar gach aon rud a bhaineann le hiompar frithshóisialta, staitisticí tráchta agus timpistí, míúsáid drugaí agus alcóil nó aon ábhar gaolmhar eile a bhaineann le póilíneacht sa Chontae.
Tugann an Príomh-Cheannfort cuntas ag gach aon chruinniú JPC ar na staitisticí cuí is déanaí a bhaineann le cúrsaí coiriúlachta agus le riail phoiblí.

Spórt agus Caitheamh Aimsire

Dhein Comhar Spórt Áitiúil Chiarraí athbhreithniú iomlán chun díriú isteach ar nithe tábhachtacha.

- Reachtáladh cúrsaí oideachais agus oiliúna do chlubanna spórt, grúpaí pobail agus do lucht cúram leanaí sa chontae. Orthusan bhí Ceannaireacht Ghníomhach, Buntús, Leas agus Cosaint Leanaí, Ceardlanna Fisiciúla agus Garchabhair Spórt.
- Chabhraigh an KLSP le mórán clár a bhain le gníomhaíocht chorpartha mar shampla: Clár Oiriúnach Fisiciúil, Rince don Óg i Meon, Cluichí Gaelacha do Chailíní, Gníomhaíocht do Mháithreacha agus Clár RAPID Spórt agus Scileanna.

Forbairt Súgartha i gCiarraí

- D'oscail Méara Chiarraí, An Comh Bobby O'Connell, Clós Súgartha Oileán Chiarraí 28 Márta 2010.
- Tharla cainteanna le grúpaí pobail eile, An Caladh san áireamh, mar gheall ar áiseanna súgartha don bhliain seo chugainn.

Scéim Aláram Deataigh

- Tharla cruinniú amháin den ghrúpa idiráisínteacht i 2010 mar go raibh moill ar an obair nuair nach bhf uarthas aon deimhniú go ceann tamaill ar mhaoiniú ón Rialtas Láir.

Micheal Ó Muircheartaigh, Rós Trá Lí 2010, Chairmaine Kenny agus Oifigeach Ealaíona Comhairle Contae Chiarraí Kate Kennelly ag lainseáil naisiúnta Oiche Cultúir ag Caisleán Bhaile Átha Cliath, Mí Lúnasa 2010

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

RAPID

- Tá pleananna gníomhaíochta curtha i gcrích do gach aon cheantar trí na fo-ghrúpaí, tar éis curinnithe a bheith ag an bhFoireann Feidhmíochta Ceantar Thrá Lí le linn 2010.
- Bhronn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta €7,000 faoin mBuiséad um Thacaíocht Phobail i dtreo tacaíocht phobail. Oiliúint, grúpaí saorálacha 7rl.
- Dáileadh €110,000 a fuarthas ó chuntais díomhaoin ar ghrúpaí pobail agus deonacha mar chostais ábhar, fearas 7rl.

Bhain an clár RAPID Trá Lí an méid aeo amach i 2010:

- An cúrsa 'An Todhchaí atá Romhat' déanta ag daoine óga idir 18-25 agus maoiniú don tarna cúrsa dá leithéid le fáil ó FÁS.
- Comhairle ar fáil agus teagmháil leanúnach leis na rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna agus cláir RAPID
- Ionadaithe óige tofa i measc an phobail. Tá ionadaíocht anois ag RAPID ar Chomhairle na nÓg i gCiarraí.
- Bíonn cruinnithe rialta ag na Foirne um Bhainistíocht Eastát agus Sábháilteacht Phobail chun ceisteanna in eastáit RAPID a phlé agus a réiteach.
- Foilsíodh dhá eagrán den iris RAPID agus an saothar déanta go deonach ag beirt thuairisceoir.
- Toisc gur éirigh chomh maith san leis leis an dtionscadal RAPID leathnaíodh an próiseas Comhchoiste Póilíneachta go dtí an baile mór.
- D'oibrigh Comhairle Baile Thrá Lí leis na foirne um Shábháilteacht Phobail agus Bainistíocht Eastát (EMCS) chun tosaíochtaí a roghnú maidir le cothabháil, athchóiriú agus oibreacha comhshaoil eile sna ceantair go léir.

An tSeanchill/Ráth Únáin

- Labhair ionadaithe pobail agus cuid den bhfoireann EMCS ag comhdháil náisiúnta faoi athleasú mí an Mheithimh 2010. Táid siúd tar éis taisteal chun bualadh le Cumainn Áitritheoirí 7rl in áiteana éagsula.
- Tá comhordaitheoir anois fostaithe ag Ionad Pobail Ráth Únáin chun gur féidir leis an ionad g níomhaíochtaí pobail a mhaoiniú as a stuaim féin.

Bóthar na Spá/Balúnach

- Toghadh beirt ionadaí nua pobail.
- Bunaíodh Cumann nua Áitritheoirí.
- Thacaigh an Fhoireann um Shábháilteacht Phobail agus Bainistíocht Eastát le FC Balúnach maidir le pleananna a sheoladh isteach chun áiseanna gléasta a fhail trí phróiseas pobail.

Ceantar Pobal Mistéalaigh Bóthar Buí (Corrán an Mhistéalaigh mar a bhí)

- Thug an tAire Stáit Mary White cuairt ar an dTionscnamh Pobail na gCapall chun eolas a bhailiú i dtreo aithris a dhéanamh air ag leibhéal náisiúnta.
- Bhog an Tionscnamh Malartaithe Garda MY isteach san ionad nua acu i mBungalónna Naomh Pádraig
- Críochnaíodh clár na mBan Sláinte & Spórt agus ta a leithéid arís ar na bacáin.
- Chuir Comhairle Baile Thrá Lí tús le roinnt tionscnamh tógála sa cheantar.

Le fulachta chun slan a fhágáil do na Rósanna, a chlann agus na Ionadaí, do thug Bainisteoir Chontae Tom Curran agus Meara Chiarraí, An Comh. Pat Leahy bronntanais do gach Rós agus Rós Trá 2010 Clare Kambamettu

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

An Oifig Ealaíon

Ag seo a leanas na príomhthionscnaimh a fuair cabhair nó maoiniú ón Oifig Ealaíon i 2010:

- Sraith Máistir-Ranganna agus Ceardlanna:
- Maistir-Rang Ceoil: Amhránaíocht leis an Soprán Miriam Murphy i gcomhar le Scoil Cheoil Chiarraí
- Sraith Pianó an Chontae: Ócáid dhá lá a léirigh ceol idir clasaiceach agus traidisiúnta agus Mórphianó Steinway de chuid Comhairle Contae Chiarraí á sheinm; tharla sé seo 7 Nollaig 2010.
- Ealaíon don Óg i Meon: Clár le linn na Bealtaine a dhírigh ar ealaíontóirí gairmiúla ag obair le daoine scothaosta a mbeadh suim acu sna healaíona
- Rince don Óg i Meon: Eagraíodh ceardlanna rince do mhná os cionn 55 bliana d'aois
- Scannánaíocht don Óige: Roghnaigh an Oifig Ealaíona grúpa amháin pobail agus trí ghrúpa scoile chun Déantús Scannán a fhoghlaim leis an ealaíontóir Lisa Fingleton.
- Deontas Acht Ealaíona: Dáileadh €40,000 i measc 100 iarratas.
- Bronnadh 12 Spárántacht 'Ealaíontóir ar Scoil' agus ocht gcinn 'Ealaíontóir Aonair'.

Seirbhís Leabharlanna Chiarraí

I 2010, tháinig méadú 1.66% go dtí to 472,111 ar líon na n-iasachtaí agus tugadh 456,227 gcuairteanna aonar ar Leabharlanna Chiarrai, méadú 6.06% ar an mbliain seo caite. Tharla 65,041 seisiún idirlín saor in aisce.

Gaiscí Tábhachtacha

- Eisíodh 464,417 airteagal i Leabharlanna Chiarraí i 2010, méadú 1.6% ar 2009.
- Ar an iomlán tugadh 456,227 gcuairteanna i gCiarraí le linn 2010 idir naoi mbrainse agus dhá Leabharl ann Taistil, méadú breis is 6% ar an mbliain seo caite.
- Tharla 65,041 seisiún idirlín ar fad i Leabharlanna Chiarraí. Bíonn an tseirbhís seo saor in aisce don phobal i gcónaí.
- Tháinig deontas ón RCORÁ chun seirbhís idirlín WiFi a sholáthar i ngach leabharlann. Tá sé seo ar bun cheana féin i Leabharlann Thrá Lí agus leathnófar an tseirbhís i gcaitheamh na bliana 2011.
- Le linn 2010 freisin bunaíodh seirbhís teachtaireachta SMS chun a chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil sé in am leabhar a bhreith thar n-ais nó go bhfuil leabhar le bailiú acu.
- Thacaigh Leabharlanna Chiarraí le tionscadail náisiúnta mar Seachtain Leabharlanna Éireann, Readiscover, Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na Gaeilge, Seachtain Fheasacht Cartlanna agus Feile na Bealtaine do dhaoine scothaosta.
- Le linn 2010 leanadh de cheangail le grúpaí éagsúla; orthusan bhí grúpaí Probus, Éisteacht Bhodhaire Éireann agus grúpa tacaíochta Chiarraí Thuaidh don Discléicse agus Diospraicse.
- Eagraíodh 239 gcinn d'ócáidí pobail, mar shampla scríbhneoireacht chruthaitheach, cuairteanna údar, seoltaí leabhar, ceachtanna Spáinnise, ranganna ealaíona agus taispeántais.
- Bíonn an dá Leabharlann Taistil anois ag freastal ar 91 láthair i gCiarraí.

Leabharlanní Contae Tommy O'Connor agus Norma McDermott, Stiurthóir Comhairle Leabharlainn, le Ball Foirne Leabharlann Oilean Chiarraí, ag oscailt oifigíul Ionad Seirbhisí Ceantair Oilean Chiarraí i Mí Marta 2010

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Stiúrthóir Seirbhísí: John D Flynn

Foireann Sinsearach:

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Seirbhísí Corparáideacha: Ger O'Brien
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Daonacmhainní: Martin O'Donoghue
Stiúrthóir TEC: Brian Looney

Sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha i gComhairle Contae Chiarraí tá na Ranna Cúrsaí Corparáideacha, Daonacmhainní agus an Roinn Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide.

Seirbhísí Corparáideacha

Fuair Comhairle Contae Chiarraí dáil €233,606 i 2010 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Caitheadh an t-airgead ar fud an chontae de réir na dtosaíochtaí atá aitheanta sa "Phlean um Rochtan do Chách" atá againn chun rochtan seirbhísí agus áiseanna a fheabhsú do lucht míchumais. Críochnaíodh mórán oibreacha; mar shampla feabhas ar bhealach isteach i reiligí, pointí oiriúnacha trasnaithe agus pábháil tadhlach orthu, cuntair inrochtana ag stáisiúin aistrithe bruscair agus feabhas ar chomharthaí i bhfoirgnimh phoiblí.

Tá an chuid is mó den obair déanta ar an Ionad nua Seirbhísí Ceantair idir chóiriú agus troscán le súil go n-osclófar é don phobal go luath i 2011.

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha i 2010

- Pléadh ar an iomlán le 44 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise maraon le 16 iarratas ó Oifig Fhear an Phobail.
- Fuarthas 700 Iarratas nua ar Dheontais Ardoideachais le linn 2010, rud a chiallaíonn gur pléadh le thart ar 1400 deontas ar fad.
- Le linn 2010 bhí 19 gcruinniú den Chomhairle Iomlán agus 25 Chruinniú de Choistí Toghcheantar.

Bainisteoir Chontae, Tom Curran, Meara Chiarraí An Comh. Bobby O'Connell agus Donnacha Galvin (Galvin Developments Ltd) ag oscailt oifigíul Ionad Seirbhísí Ceantair Oilean Chiarraí i Mí Marta 2010

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Daonacmhainní

Suíomh píolótach atá in Údaráis Áitiúla Chiarraí don chóras HR & Párolla. Tá na módúil seo a leanas i bhfeidhm i gComhairl Contae Chiarraí agus i gComhairlí Baile Chill Airne, Lios Tuathail agus Trá Lí.

• CorePearsanra	• CoreAm
• CorePá	• CoreEarcaíocht
• CorePinsin	• CoreBI (Tuairiscí)
• CoreTraenáil	• CoreESS (Féinseirbhís Fostaithe) bileoga Pá ar líne san áireamh

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an módúil CorePMDS le linn 2010.

Gaiscí Tábhachtacha:

- Leantar den Chlár Bainistiú Neamhláithreachta chun cur le héifeachtúlacht maidir le tinreamh sa láthair oibre.
- Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar an gClár Tacaíocht Eagrúcháin ar son leas foirne agus de réir reachtaíochta.
- Forbairt leanúnach ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).
- Leantar den Chlár Taithí Oibre "Réaltscoláire" chun deiseanna i dtreo fostaíochta sna húdaráis áitiúla a fhorbairt don Lubht Siúil.

Traenáil agus Oiliúint

Ag seo na príomhchúrsaí a reachtáladh san Oiliúint Daonacmhainní le linn 2010:

Rotha Scríobacha	Dignit sa Láthair Oibre	Láithreacha Seirbhísí faoi Thalamh
Agresso	Athnuachan Garchabhrach	Láimhsiú & Pas Sábháilteachta
Clóíirín a Láimhseáil	Eolas ar Shláinte & Sábháilteacht	Dearadh Socruithe Sealadacha Tráchta
Oiliúint sa Chóras Lárnach	Oiliúint T.E – Word and Excel	Am agus Strus a Bhainistiú
Cúram Custaiméirí	Gaeilge ag gach leibhéal	Cúrsa do Mheastóirí Uisce agus Fuíolluisce a Olbriú Course

Is ionann caiteachas Údarás Áitiúla Chiarraí ar Oiliuint & Forbairt 2010 agus 4.69% den chostas iomlan párolla.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

Is í an Roinn Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide a sholáthraíonn agus a chothaíonn an bonneagar TE laistigh de na hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí.

Gaiscí Tábhachtacha

- Is féidir anois Seirbhís Bhruscair CCC agus fíneálacha páirceála na Comhairle Baile a Íoc ar líne ar http://payments.kerrycoco.ie
- Tá an-éileamh ar ár gcóras pleanála GIS atá anois uasghráduithe agus ar fáil as Gaeilge http://mapping.kerrycoco.ie/planningenquiry/MainFrames.aspx?LANG=IR
- Tá seirbhís teachtaireachta SMS (leabhair le breith thar n-ais nó leabhar in áirithe le bailiú) faoi lán seol sa Leabharlann agus don scéim Dara Thigh Príobháideach (NPPR) ar chostas íseal. Táthar chun an clár seo a leathnú an bhliain seo chugainn 2011.
- Úsáideadh an dá mheán sóisialta Twitter (@countykerry) agus Facebook (Comhairle Contae Chiarraí) chun eolas a scaipeadh faoi bhóithre agus seirbhísí uisce le linn na Drochaimsire sa Gheimhreadh 2010/11.
- Tá Comhairle Contae Chiarraí mar bhall anois de Thionscnamh Eorpach eCitizenII – eParticipate a dhíríonn ar teangabháil saoránach agus ar phlé leis an gComhairle.
- Seoladh an Suíomh Idirlín de chuid Comhairle Baile Thrá Lí (www.traleetc.ie) agus críochnaíodh an dearadh don dá Chomhairle Baile Chill Airne & Lios Tuathail.
- Tá stáisiún aimsire ar líne mar shuíomh píolótach ag Comhairle Baile Chill Airne.
- Ghlac an Fhoireann Sinsearach Bainistíochta leis an dtuairisc ar Mhargadh Maith a Fháil mar gheall ar i infheistíocht agus fáil seirbhísí sa teileafónaíocht so-ghluaiste agus táthar ag obair ar thionscnaimh Teileafónaíochta Líne Talún. Tá sé i gceist go sábhálfar an-chuid costas sna ceithre Comhairle on mbliain 2011 ar aghaidh.
- Foilsíodh agus deineadh measúnú ar fhorthairiscintí don mbonneagar TE – stóras sonraí agus córas teileafón. Críochnaíodhh tionscnaimh eile in am agus faoin mbuiséad mar an Bonneagar nua Citrix.
- Pléadh na meabhracháin don Chóras ar líne chun teacht ar an gCartlann Reiligí leis na Seirbhísí Uisce agus an grúpa stiúrtha. Críochnaíodh na comórtais don scanáil speisialta agus don chláru le linn 2010.
- D'éirigh leis an dtástáil neamhspleách Rialu Caighdeán don chóras MEET – córas inmheánach chun gnó cruinnithe Comhairle agus costais Comhairleoirí a bhainistiú. B'fhéidir dá bharr san an obair a riaradh ar údaráis áitiúla eile.
- Ba leir gur mháistrí san earnáil iad lucht Chiarraí ar Chórais Eolas Tithíochta agus sé chinn de cheardlanna rite acu mar gheall orthu d'údaráis áitiúla eile. Tosnaíodh ar pheann digiteach a dhearadh chun sonraí um chothabháil tithíochta a stóráil go héifeachtach.

Ráiteas Airgeadais

Stiúrthóir Seirbhísí: John O'Connor, Stiúrthóir Airgeadais

Foireann Sinsearach:

Angela McAllen, Cuntasóir Airgeadais/Bainistíochta
Kathleen Moriarty, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
Pat O'Shea, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach

Bhí tionchar nach beag ag an gcúlú domhanda, náisiúnta agus áitiúil ar an mBuiséad a bhí le fáil ag an gComhairle don bhliain 2010 agus ar ndóigh bhí srian ar ár gcuid oibreacha dá réir. Mar seo a míníodh staid geilleagar na tíre i dtús an iarratais a sheol an Stát chuig an AE agus an CAI mí na Nollag:-
"Níor tharla a leithéid de ghéarchéim eacnamaíochta in Éirinn le cuimhne na ndaoine".

Agus an Buiséad Ioncaim Reatha á mbainistiú i mbliana bhí an bhéim ar an méid seo a leanas:

- Seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus ab fhéidir
- Ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar seirbhísí agus margadh maith san am gcéanna
- Dá mb'fhéidir in aon chor é, gan rátaí tráchtála ná táillí úsáideoirí a ardú agus
- An Buiséad a chothromú.

Gach rud san áireamh, is feidir a rá gur éirigh leis an gComhairle na haidhmeanna úd a bhaint amach.

Chun soláthar seirbhísí a chinntiú i gcónaí ar bhonn leanúnach inmharthana, ní mór dúinn an t-airgead tirim a bheith le fáil againn chucu. Díríodh go mór ar shruth fiachóirí idir ranna rialtais, áisínteachtaí stáit agus custaiméirí na Comhairle i rith na bliana 2009.

Is oth linn a rá gur tháinig méadú ar an líon cás a raibh orainn dul i muinín an dlí nó beartas eile gnóthaithe chun fiacha a bhailiú. Mar sin féin bhí an leibhéal bailiúcháin ar an mórgóir go sásúil roimis deireadh na bliana.

Fuarthas €2.11m ioncam glan ón mhuirear ar an Dara Thigh Príobháideach, táille atá i bhfeidhm ó 2009 i leith. Tacaíocht an-mhór ab ea an méid sin a lig dúinn leanúint de chláir oibreacha a bheadh in easnamh mar gheall ar laghdú i bhfoinsí eile ioncaim. Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar shlite chun an leas is mó a bhaint as an bhfoinse úd mar áis mhaoinithe.

De réir Comhaontú AE/CAE um Thacaíocht Airgeadais d'Éire, Nollaig 2010, caithfear caiteachas poiblí a laghdú go mór go ceann roinnt blianta agus freisin caithfear breis táillí a ghearradh ar fhóntais phoiblí. Beidh sé seo go léir riachtanach chun cothromú a bhaint amach i gcúrsaí airgeadais na tíre. Dá bhrí sin beidh orainn déanamh de réir na dtéarmaí úd a aontaíodh i gcás ioncaim agus infheistíocht chaipitiúil go ceann i bhfad. I gcomhthéacs mar sin caithfear ár gcuid seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus is féidir agus san am gcéanna ardchaighdeán a bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar seirbhísí agus le margadh maith. Phléigh an Chomhairle an tuairisc a thainig ón nGrúpa um Athbhreithniú Éifeachtúlacht Rialtas Áitiuil; cé go mbeidh baint ag an-chuid atá istigh inti le cúrsaí náisiúnta no reachtaíochta, mar sin féin gníomhóidh an Chomhairle trí thionscadail áitiúla chomh fada agus is féidir.

Don bhliain seo chugainn agus go ceann tamaill fhada ina diaidh, beidh gá sa Chomhairle le rialachán géar agus le bainistiú fiachóirí chun go mbeidh sé d'acmhainn againn na seirbhísí lárnacha reachtúla a sholáthar do chách idir phobal an chontae agus cuairteoirí.

Tá léargas ar staid airgeadais agus ar ioncam agus caiteachas na bliana le feiscint sna táblaí agus sna cairteanna atá

Ráiteas Airgeadais

anso thíos. Is féidir a rá ar an mórgóir go bhfuil staid airgeadais na Comhairle sásúil go leor anois ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2010.

Leanann an Chomhairle i gcónaí den infheistiocht nach beag sa chlár seirbhísí uisce. Méadófar an caiteachas áitiúil ar bhonn leanúnach mar gheall ar chostais obríochta/cothabhála agus ar na hardchaighdeáin a éilítear anois don uisce/diúscairt uisce dramhaíola. Tá srian nach beag ar chaiteachas idir náisiúnta agus áitiúil agus go háirithe tá srianta an-ghéar i bhfeidhm ar an gcead iasachtaí ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh dúshláin bhreise romhainn toisc go mbíonn laghdú le tamall ar an ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha.

É sin go léir ráite áfach, go hachomair bhí ardéileamh ar ár gcuid seirbhísí le linn 2010 agus beidh an scéal amhlaidh isteach sa bhliain 2011. Sa chomhthéacs céanna mar sin caithfear ár gcuid seirbhísí lárnacha a choimeád ag leibhéal sásúil chomh fada agus is féidir linn agus san am gcéanna ardchaighdeán á bhaint amach go praiticiúil maidir le soláthar leathan seirbhísí. Buntáistí gan dabht is ea scileanna agus saineolas na foirne a bheidh i gceist chun tionscadail leanúnacha faoi Chomhaontú Páirc an Chrócaigh a chur i gcrích go heifeachtach ó thaobh costais de.

	Cait. Iomlán 2010	Ioncam 2010	Caiteachas Glan 2010	Glan 2009
Caiteachas de réir ranna	**€**	**€**	**€**	**€**
Tithíocht agus Foirgníocht	15,942,256	16,383,714	(441,457)	199,004
Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht	35,809,878	24,694,043	11,115,835	13,064,631
Seirbhísí Uisce	19,374,289	12,638,479	6,735,810	7,745,962
Bainistíocht Fhorbartha	7,698,812	1,788,073	5,910,739	6,159,425
Seirbhísí Comhshaoil	16,392,415	7,444,902	8,947,513	7,941,623
CaitheamhAimsire/Taitneamhacht	4,570,071	395,603	4,174,468	4,437,092
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	15,627,193	14,832,813	794,381	739,868
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6,303,802	4,154,653	2,149,149	3,053,900
Muirir Lárbhainistíochta	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**121,718,716**	**82,332,279**		
Costas Glan Ranna ó Rátaí & ón gCiste Rialtais Áitiúil			39,386,437	43,341,505
Rátaí			18,262,690	18,066,275
Ciste Rialtais Áitiúil – Deontas Ginearálta			22,408,735	24,300,141
Laghdú Pinsean			2,585,888	2,167,773
Muirear Contae			6,676,702	6,825,773
Barrachas/(Easnamh) na Bliana roimh Aistriú			10,547,577	8,018,457
Aistriú ón(go) Cúlchiste			(9,910,465)	(7,885,460)
Barrachas/(Easnamh) na Bliana			637,112	132,997
Cúlchiste Ginearálta 1 Eanáir			1,889,034	1,756,037
Cúlchiste Ginearálta 31 Nollaig			2,526,146	1,889,034

Ráiteas Airgeadais

Clár Fuílleach 31 Nollaig 2010	2010 €	2009 €
Bunsócmhainní		
Oibrithe	389,883,237	391,171,991
Bonneagair	3,044,179,136	3,053,176,628
Pobail	1,076,879	1,099,884
Neamhoibrithe	2,892,171	2,433,946
	3,438,031,423	**3,447,882,449**
Obair ar Siúl agus Réamhchostais	**54,701,951**	**73,055,493**
Fiachóirí Fadtéarmacha	**39,891,061**	**40,536,776**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	957,968	892,051
Fiachóirí Trádála & Réamhíocaíochtaí	16,603,249	22,717,507
Infheistíochtaí Banc	48,000,000	39,000,000
Airgead sa Bhanc	15,320	-
Airgead faoi Bhealach	596,544	818,201
	66,173,081	**63,427,759**
Dliteanais Reatha (iníoctha laistigh de bhliain)		
Rótharraingt sa Bhanc	-	593,445
Creidiúnaithe & Fabhruithe	20,059,803	20,447,531
Cuntas Uirbeach	524,703	475,135
Léasanna Airgeadais	-	-
	20,584,506	**21,516,111**
Sócmhainní Glan Reatha / (Dliteanais	**45,588,575**	**41,911,648**
Creidiúnaithe (iníoctha tar éis bliana)		
Iasachtaí Iníoctha	97,283,879	98,941,064
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí Inaisíoctha	1,976,216	1,521,300
Eile	-	-
	99,260,095	**100,462,364**
Sócmhainní Glan / (Dliteanais)	**3,478,952,915**	**3,502,924,002**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitiliú	3,438,031,423	3,447,882,449
Ioncam WIP	56,426,329	71,150,630
Cúlchiste Ioncam Reatha Sonraithe	5,476,624	5,196,625
Cúlchiste Ioncam Reatha Ginearálta	2,526,146	1,889,034
Iarmhéid Eile	-23,507,607	-23,194,736
Cúlchiste Iomlán	**3,478,952,915**	**3,502,924,002**

Ráiteas Airgeadais

Comhairle Contae Chiarraí Caiteachas Ioncaim 2010



- Tithíocht agus Foirgníocht €17.72m
- Iompar de Bhóthar & Sábháilteacht €37.62m
- Seirbhísí Uisce €21.13m
- Bainistíocht Fhorbartha €8.23m
- Seirbhísí Comhshaoil €19.27m
- CaitheamhAimsire/Taitneamhacht €4.92m
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas €16.11m
- Seirbhísí Ilghnéitheacha €6.64m

Comhairle Contae Chiarraí Ioncaim 2010



- Deontais Stáit & Fóirdheontais €48.75m
- Ciste Rialtais Áitiúil €.22.41m
- Earraí & Seirbhísí €31.31m
- Rátaí €18.26m
- Muirear Contae €6.68m
- Ranníochaíochtaí ó Comhairle eile €2.28m
- Tobhach Pinsean €2.59m

Ráiteas Airgeadais

Comhairle Contae Chiarraí Caiteachas Chaipitiúil 2010



Comhairle Contae Chiarraí foinse Cistiú Caipitil 2010



Ráiteas Airgeadais

Íocaíochtaí Déanacha 2010

Faoi réir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialacháin (Íoc Déanach i nGnóthaí Trádála, 2002) Comhphobail Eorpacha ag seo sonraí íocaíochtaí déanacha do chreidiúnaithe

Íocaiochtaí Déanacha	2010
Líon íocaíochtaí déanacha a bhí níos mó ná €317.44	NEAMHNÍ
Luach íocaíochtaí déanacha a bhí níos mó ná €317.44	NEAMHNÍ
Líon íocaíochtaí déanacha mar choibhneas le luach íocaíochtaí iomlán le soláthróirí	0%
Íocaíochtaí Iomlán	€98,104,991
Ús Éirice Íoctha	NEAMHNÍ

Ranníocaíochtaí Forbartha 2010

Faoi réir Alt 48 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, is féidir le Comhairle Contae Chiarraí coinníollacha a chur le cead pleanála a bhronntar faoi Alt 34 den Acht céanna d'fhonn ranníocaíocht forbartha a éileamh. Dáiltear an ioncam a bhailítear ón scéim úd ar áiseanna agus ar bhonneagar poiblí chun leas forbartha a tharlóidh i gceantar an Údarás Áitiúla lena mbaineann (beag beann ar fhoinsí eile maoinithe a chaitear ar bhonneagar agus ar áiseanna).
Tá an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha don bhliain 2010 i bhfeidhm ón 19 Bealtaine 2008. Sa Tábla anso thíos tá luacha na Ranníocaíochtaí Forbartha – iad á gcur le forbairtí áirithe nó ginearálta – atá mar chuid de Ráiteas Airgeadas Bliantúil 2010 (Nóta 11). Is mar seo a leanas an t-achoimre orthusan:

Cuntas glan oscailte 1/1/2010 barrachas/(easnamh)	**17,438,832**
Ioncam	**1,190,454**
Caiteachas	**-2,541,936**
Cuntas glan dúnta 31/12/2010 barrachas/(easnamh)	**16,087,350**

Airgead amuigh ag Fiachóirí (gearrthéarmacha) €1,214,668 agus ag Fiachóirí (fadtéarmacha) €551,338 de réir Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2010 Nóta 5 agus Nóta 3.

Tuairisc Ó Bhord Fiontar Chontae Chiarraí

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Tomás Hayes

Tá d'aidhm againn lárphointe teagmhála amháin a chur ar fáil chun gnónna a thosnú agus a fhorbairt, idir eolas, chomhairle agus thacaíocht.
Tá seirbhísí an Bhoird dírithe ar fiontair bheaga a d'fheadfadh suas le deichniúir a fhostú.

D'oibrigh Bord Fiontar Chontae Chiarraí ar bhonn láidir sásúil i 2010 in anneoin an chúlú sa chomhshaol airgeadais agus cúrsaí gnó atá ar siúl i láthair na huaire.

Ceadaíodh deontais €427,453 do 37 micrea-ghnó agus an mianach iontusan 64 phost lánaimseartha agus 14 post páirtaimseartha/séasúrach a chruthú. Coimeádfar 20 post i gcomhlachtaí freisin mar gheall ar na deontais.

Dáileadh ar an iomlán €186, 744 i bhfoirm deontas mar chúnamh do chomhlachtaí, rud a léiríonn gur deacair teacht ar cairde i láthair na huaire.

Chomh maith leis sin chaith an Bord €500, 055 trí thacaíocht sa ghnó a thabhairt do níos mó ná 1 050 duine aonair. Orthusan bhí Oiliúint chun Gnó a Thosnú, Oiliúint chun Gnó a Fhorbairt, Margaíocht, Scileanna TE, Dearadh, Gréasáin Lucht Gnó agus Comhairleoireacht 'Ar Bhonn Aonair'.

Lonnaítear na tionscnaimh úd ar fud an chontae, don chuid is mó bionn siad in áiteanna nach mbainfeadh leas go díreach as Infheistíocht Allúrach (FDI). Ligtear do dhaoine maireachtaint agus dul ag obair ina bpobail féin agus ar an gcuma san bítear ag cur go praiticiúil le forbairt tuaithe.

Leanann an Bord Fiontar Contae de bheith ag cur cumas fiontair chun cinn i scoileanna dara leibhéil agus in Institiúidí Tríú Leibhéil. Déantar urraíocht ar an gComórtas Contae Gradam Fiontar don Scoláire do lucht dara leibhéil agus tugtar cúnamh airgid don chomórtas ag leibhéal na nGradam Náisiúnta.

Is leis an mBord Fiontar Contae freisin na Gradaim Fhiontar Chontae agus tacaítear le réimse tionscadal eile mar Chláir Bhia, Seachtain Fhiontair, Forbairt Tairgí Nua, Gréasáin Lucht Gnó agus móran clár agus seimineár eile.

Tá pleanáil déanta cheana féin ar chláir don bhliain 2011, mar shampla Cláir Thús Fiontar, Cláir Fhás Fiontar, Clinicí Comhairleoireachta, Tionscadail um Bhia a fhorbairt, Táirgí Nua agus ar an gcomhairleoireacht i gcúrsaí gnó go ginearálta.

Tuairisc ó na Comhairle Bailte

Réamhrá an Mhéara

Is cúis áthais domsa, mar Mhéara Thrá Lí, a bheith bainteach le Tuarascáil Bhliantúil 2010.

Ach súil siar a chaitheamh ar imeachtaí na bliana 2010 is léir gur oibrigh foireann Chomhairle Baile Thrá Lí go dícheallach chun feabhas a chur ar an mbaile. Caithfead ar ndóigh foireann na Comhairle a mholadh go hard na spéire as feabhas a gcuid saothar le linn na drochaimsire um Shamhain agus um Nollaig, ach go háirithe bhíodar go hiontach ar fad i rith an tréimhse saoire. Bhí foireann na Comhairle amuigh ó dhubh go dubh chun cruatan daoine a laghdú go mór agus cúrsaí uisce agus píopaí as ord ag cur isteach orthu.

Dul chun cinn a bhí thar na bearta agus dearfach is ea an Tionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach, go deimhin tá clú anois air mar dheashampla d'údaráis áitiúla ar fud na tíre. Léiríodh comhoibriú den scoth idir Chomhairle Baile Thrá Lí, áisínteachtaí Stáit agus pobal na háite. Go deimhin is mór an feabhas atá ar an áit i mbliana 2010 agus na cuibhrinn phobail, an tionscnamh MY maraon leis an Ionad Pobal Idirnáisiunta go léir réidh anois. Acmhainní iontacha is ea iad siúd ar fad mar áiseanna chun an pobal a bhailiú le chéile.

Táim fíorbhuíoch don phobal as a gcuid ama agus dua a chaitheamh leis an dtionscnamh mar is léir gur tacaíodh go mór le hathleasú an cheantair ó thús deireadh. Ní mór dom moladh agus buíochas a thabhairt d'fhoireann na Comhairle ar an dul céanna agus freisin do na háisinteachtaí éagsúla a bhí páirteach.

Táim ag súil go mór leis an Ionad nua Cúram Lae nua a osclófar i 2011 sa tseanchlochar Tobar Maigh Doire. Sampla an-mhaith is ea é seo den leas is fearr á baint as foirgneamh stairiúil cosanta ar son an phobail.

Tréaslaím leo an gaisce atá déanta ag bainistíocht agus ag foireann Chomhairle Baile Thrá Lí agus maoiniú faighte acu chun tús a chur le Páirc Ghleann na Laoi. Beidh an Pháirc mar áis iontach don phobal agus do chuairteoirí araon agus cuirfidh sé go mór le tarraingt na dturasóirí ar an mbaile. Is léir go bhfuil Trá Lí á chur chun cinn go breá ag an gComhairle mar ionad saoire.

Bhí luach a saothair ag an bpobal a ghlac páirt sa chomórtas Bailte Slachtmhara nuair a choimeád Trá Lí an bonn airgid arís agus barr á chur ar na marcanna ón mbliain seo caite. Caithfear creidiúint freisin a thabhairt do bhaill tofa na Comhairle a d'imigh in éineacht le muintir an bhaile chun bruscar a bhailiú, bláthanna a chur agus obair ghlantacháin eile a chur i gcrích. Táimid ag súil go mór le gach éinne a tharraingt isteach go beo san iarracht an bhliain seo chugainn 2011.

Baineadh sult gan dabht as na Féiltí, Mórshiúlta agus ócáidí eile a tharla i dTrá Lí. Níor tharla a leithéid gan dua an phobail agus gabhaim buíochas le cách a bhí páirteach san eagrú in aon slí. Ar an gcuma san cuirtear an baile seo againne chun cinn agus cothaítear mórtas ceantar dúchais ionainn go léir.

Don bhfoireann agus do lucht bainistíochta Comhairle Baile Thrá Lí, ar son na mball tofa gabhaim buíochas ó chroí libh as a bheith tiomanta díograsiseach i gcónaí.

Comh Arthur J Spring
Méara Thrá Lí

Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Is léir do chách go raibh Comhairle Baile Thrá Lí ag saothrú leo i measc cúinsí geilleagair a bhí éiginnte agus diúltach don chuid is mó, mar sin féin tá an-chuid oibre déanta acu le linn 2010.

Dom féin mar Bhainisteoir an Bhaile is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na Comhairle agus leis an mbainistíocht araon don mhéid atá déanta acu chun seirbhís den scoth a sholáthar do phobal Chiarraí in ainneoin na ndúshlán a bhí rompu.

Le fada an lá bhíothas ag pleanáil, ag fáil talún agus ag dearadh chun an tionscnamh Pháirc Ghleann na Laoi a ullmhú. Ar deireadh thosnaigh an tógáil i 2010 tar éis maoiniú €3m a fháil ó Bhord Fáilte. Tá Comhairle Baile Thrá Lí anois in ann an láthair iontach seo a chur ar fáil don phobal; is ann a bheidh gníomhaíochtaí uisce ar loch saorga, slite siúlóde, raon rothar agus clós súgartha do leanaí.

Suite thiar ón iarnród gaile agus in aice na páirce, tá an limistéar dúlra mar a bhfuil gnáthóga dúlra, folach éan agus túr radhairc. Sa tionscnamh úd leantar den traidisiún atá le fada i gComhairle Baile Thrá Lí maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in áiseanna turasóireachta.

Dul chun cinn a bhí thar na bearta le linn 2010 is ea an Tionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach. Agus cúnamh ar fail ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil, bhíomar in ann móran tionscnamh forbartha agus sóisialta a chur i gcrích nó fiú a thosnú. Déanfar athbhreithniú ar an Máistirphlean an bhliain seo chugainn chun tailte a roghnú arís do thionscnaimh athleasaithe.

Tháinig feabhas an-mhór ar an ngréasán bóithre i dTrá Lí le linn 2010 agus obair shuntasach déanta ar na príomhbhealaí isteach. Feabhsaíodh cosáin ar fud an bhaile agus díríodh ar rochtain iomlán. Gaisce freisin is ea na socruithe atá déanta do Sheachród Trá Lí agus tosnófar ar an dtógáil i 2011.

Feabhsaíodh cúrsaí comhshaoil ar an mbaile i 2010, go háirithe ar Ché an Phrionsa, an Abhantrach, Siúl na Canálach agus an Abhainn Mhór. Tá slite taitneamhacha siúlóide anois ag daoine agus dreach álainn ar an gceantar.

Is mór an buntáiste d'Ionad Spórt Trá Lí na páirceanna nua uile-aimsire atá ann, bíonn an-éileamh ar a leithéid agus dá bhrí sin cuirfear le hinmharthanacht an ionaid.

Leanamar den chlár infheistíochta i Seirbhísí Uisce i 2010 nuair a leagadh 1,380m príomhphíopaí ar an mbaile. Laghdófar an caitheamh uisce go mór dá bharr san agus de bharr Comhlaí nua chun Brú a Laghdú sa chóras. Caithfead ar ndóigh foireann na Comhairle a mholadh go hard na spéire as feabhas a gcuid saothar le linn na drochaimsire, iad amuigh ó dhubh go dubh chun cruatan daoine a laghdú go mór agus cúrsaí uisce agus píopaí as ord ag cur isteach orthu.

Níl le déanamh anois agam ach na baill a toghadh ar son phobal Thrá Lí a mholadh go mór as a bheith ag comhoibriú gan stad le feidhmeannas na Comhairle i dtreo leas an bhaile a chinntiú.

Michael McMahon
Bainisteoir Baile Thrá Lí

Baill Chomhairle Baile Thrá Lí

Comhairle Baile Thrá Lí

Comh Mairead Fernane (FG)

Comh Toiréasa Ferris (SF)

Comh Ted Fitzgerald (FF)

Comh Cathal Foley (SF)

Comh Norma Foley (FF)

Comh Pat Hussey (FG)

Comh Sam Locke

Comh Terry O'Brien (Lab)

Comh Grace O'Donnell (FG)

Comh Arthur J Spring (Lab)

Comh Johnnie Wall (FF)

Comh Gillian Wharton-Slattery (FG)

Baill na mBord/na gCoistí 2010

Cumann Údarás Áitiúla Éireann

Comh Ted Fitzgerald
Comh Arthur J. Spring

Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo

Comh Grace O'Donnell

Comhchoiste Póilíneachta

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh Gillian Wharton-Slattery
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Grace O'Donnell
Comh Johnnie Wall

Bord Forbartha Chontae Chiarraí

Comh Terry O'Brien

Seirbhís Oideachas Saoil Chiarraí

Comh Grace O'Donnell

Coiste Comharliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil

Comh Gillian Wharton-Slattery

RAPID

Comh Sam Locke

Coimisinéirí Cuan Trá Lí & An Fhianait

Comh Mairéad Fernane
Comh Arthur J. Spring

Comhlacht Spórt & Fóillíochta Réigiún Trá Lí Teo

Comh Mairéad Fernane
Comh Gillian Wharton-Slattery

Muilinn Ghaoithe Chathair Uí Mhóráin

Comh Arthur J. Spring

Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta Chomhairle Chontae Chiarraí

Comh Pat Hussey

Trá Lí Slachtmhar

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh Gillian Wharton-Slattery
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Grace O'Donnell
Comh Johnnie Wall

Seirbhís Oideachais Chiarraí

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald

Comhar Áitiúil Spórt Chiarraí

Comh Gillian Wharton-Slattery

Comhar Forbartha Chiarraí Thuaidh & Thoir Teo

Comh Johnnie Wall

Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt

Comh Gillian Wharton-Slattery

Margadh Feirmeoirí Thrá Lí

Comh Grace O'Donnell
Comh Arthur J. Spring

I dTreo Feabhas ar Thrá Lí

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh Gillian Wharton-Slattery
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Grace O'Donnell
Comh Johnnie Wall

Imeachtaí ar fhreastal Comhairleoirí orthu i 2010

Imeacht	Láthair	Tinreamh
Gradaim Zurich LAMA	Óstán Burlington, BÁC 2	2
Comhdháil an Earraigh AMAI 2010	Óstán Sligo Park, Sligeach	3
84ú Gnáthchruinniú Bliantúil Árachais Comhlachtaí Poiblí Teo	Óstán Burlington, BÁC 2	1
Scoil Richard Cantillon 2010	Siamsa Tíre, Trá Lí	1
97ú Cruinniú Bliantúil AMAI	Óstán Inishowen Gateway , Bun Crannch a	3
Cur i Láthair don Díoltóir Árachais	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1
Oideachas Saoil Chiarraí – ag cruthú Freagra Sóisialta	Óstán Europa, Cill Airne	3
Rialtas Áitiúil – Éifeachtúlacht agus Airgeadas	Óstán Listowel Arms, Lios Tuathail	4
An tAcht um Phleanáil & Forbairt 2010	Óstán Hannons, Ros Comáin	1
Roghanna do Lucht Dífhostaíochta	Óstán Carlton Atlantic, Cathair na Mart	2
Caighdeáin Domhanda Turasóireachta	Óstán Falls, Inis Díomáin	1
Rialacháin um Bhainstiú Dramhaíola (Dramhaíl Bia) 2009	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn	1
Uisce, Airgead agus an Comhshaol a chaomhnú	Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1

Costais na gComhaltaí 2010

Liúntais Bhliantúla

	€
An Méara	7,778.60
An Leasmhéara	2,383.32
Liúntais Chomhaltaí	37,056.28
Íocaíochtaí Ionadaíochta	61,321.04

Ar an iomlán le linn 2010 d'íoc Comhairle Baile Thrá Lí €7,312.29 ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon ócáid eile. Bhain an t-iomlán le liúntais taistil agus cothaithe anso in Éirinn.

Fáiltithe Cathartha

Tharla na Fáiltithe Cathartha seo a leanasil 2009:

- Músaem Chontae Chiarraí
- Bantracht na Tuaithe
- Comóradh Domhnach Cásca
- Malartú Fraincise An Teaghlaigh Naofa
- Ambasadóir na Gearmáine, H.E. Busso von Alvensleben
- Foireann Chispheile ón Dara Bliain na Trócaire Chnoc an tSeabhaic
- Oscailt Pháirc na Mílaoise
- Féile Idirnáisiúnta Rós Trá Lí: na Rósanna, a Muintir agus na hIonaid
- Lucht Trádála an Mhargaidh ón nGearmáin

Gradaim an Mhéara

Bhronn an Méara gradaim ar na daoine seo a leanas i 2010 chun aitheantas a thabhairt dá gcuid gaiscí:

- Darragh Kelliher
- Anthony O'Gara

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Thrá Lí 2010

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

I mbliana 2010 laghdaíodh an dáileadh a fuair an Clár Infheistíochta i dTithíocht Shósialta (SHIP) faoi 34%. Bhí €9,790,000 mar dháileadh iomlán caipitiúil ag Comhairle Baile Thrá Lí. Dáileadh €3,555,000 mhilliún ar thithíocht idir thógáil agus ceannach agus €6,235,000 ar athchóiriú. San áireamh faoin méid sin bhí €5mhilliún don Tionscnamh Feabhais do Cheantar Mistéalach/Bóthar Buí.

Mar gheall ar a bhfuil sa Straitéis Náisiunta um Athrú Aeráide agus chun cur le heifeachtúlacht fuinnimh i dtithe cónaithe sóísialta fuair Comhairle Baile Thrá Lí deontas €550,000 chun aischóiriú fuinnimh a dhéanamh ar thithe folmha. Úsáideadh an méid sin chun uasghrádú go dtí C1 a chur ar 40 tigh i 2010.

Bhí 1,176 aonad tithíochta mar stoc ar cíos ag Comhairle Baile Thrá Lí 31 Nollaig 2010. Ag an am gcéanna bhí 2,068 ar an liosta feithimh, méadú 31% ar an mbliain seo caite.

Le linn 2010, lean Comhairle Baile Thrá Lí de cheisteanna tithíochta a fhuascailt agus den bhfeabhsúchán ar an stoc tithíochta atá cheana féin acu.

- Athchóiríodh 68 dtigh folmha agus iad inligthe arís le linn 2010.
- Scrúdaigh an roinn tithíochta 1,169 dtigh mar thoradh ar iarratais chothaithe; críochnaíodh oibreacha maidir le 1,093 chinn. Ba iad pluiméireacht, siúinéireacht agus deisiú leictreach ba mhó a bhí i gceist i ontu.

Déantar tréaniarracht i gComhairle Baile Thrá Lí ar áitritheoirí a spreagadh le páirt a glacadh i saol an phobail go háirithe trí chomhoibriú le háisínteachtaí tacaíochta agus le cumainn áitritheoirí. Tá baint mhór ag Comhairle Baile Thrá Lí leis an nGréasán Áitritheoirí chun tosaighmar a mbíonn tacaíocht á tabhairt go díograiseach do 35 chumann áitritheoirí.

Tionscnamh Feabhais don Cheantar Mistéalach Bóthar Buí

Dul chun cinn a bhí thar na bearta le linn 2010 is ea an Tionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach-Bóthar Buí. In ainneoin an chúlú eacnamaíochta bhíothas in ann cúnamh maoinithe a fháil ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil agus iad ag tacú i gcónaí leis an dTionscnamh Feabhais. Tharla cruinnithe rialta i rith na bliana idir oifigigh na Roinne agus Comhairle Baile Thrá Lí chun a chinntiú go soláthrófar an maoiniú cuí chun gach aon rud a chur i gcrích. Bhí cruinnithe freisin idir an Coiste Stiúrtha atá ag an dTionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach-Bóthar Buí agus an Meitheal Páirtíocht Phobail chun go neartaófar an nasc láidir pobail a bunaíodh le linn athleasú an cheantair.

Ag seo thíos tuairisc ar an ndul chun cinn atá déanta i 2010 maidir leis an bhfeabhas fisiciúil agus sóisialta araon:

An Tionscnamh Féin: 81 Aonad a Leagadh i gCorrán an Mhistéalaigh

An Tionscnamh Féin: 6 Aonad Nua ag Tobar Naofa

An Tionscnamh Féin: 20 Cuibhreann idir Aonair & Pobail ag Tobar Naofa, Tobar Mhaigh Doire

An Tionscnamh Féin: Tithe breá nua a Dhéanamh de 5 chinn des na hAonad i mBungalónna Naomh Pádraig
Is iad Ionad Idirnáisiúnta Acmhainní Trá Lí agus an Tionscnamh Óige Mistéalach atá anois i seilbh na dtithe úd.

An Tionscnamh Féin: Foirgneamh an tSeanchlochair i dTobar Mhaigh Doire a athfhorbairt
Mí Mean Fómhair 2010, síníodh conarthaí chun Clochar Thobar Mhaigh Doire a athfhorbairt. Beidh ionad cúram lae de chuid FSS agus láthair pobail d'áitritheoirí Tobar Naofa ar urlár na talún. Ansan ar an gcéad urlár beidh ocht n-aonad breise.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Thrá Lí 2010

An Tionscnamh Féin: 18 gcinn d'Aonaid Tithíochta ag Corrán an Mhistéalaigh, san áireamh tá 11 tigh Carbóin Íseal agus 7 nAonad ag a bhfuil Feidhmiú Fuinnimh B1 BER
Agus an 18 n-aonad úd á dtógaint, iad siúd atá suite san Eastát Chorrán an Mhistéalaigh i lár an cheantair i dtreo Ascaill an Mhistéalaigh, á dtógaint is léir go bhfuil an chéad chéim den dtógáil i gCorrán an Mhistéalaigh curtha i gcrích.

An Tionscnamh Féin: Oibreacha Feabhsúchán Comhshaoil
Mí Deireadh Fómhair 2010 fuarthas deontas ó SEAI (Údarás Inmharthanachta Éireann) do thigh in Ascaill an Mhistéalaigh mar chuid de scéim píolótach chun compord agus feidhmiú fuinnimh sna tithe úd a fheabhsú.

An Tionscnamh Féin: Tionscnamh um Thithíocht Deonach le Tógaint i bPáirc Hawley
Mí na Samhna 2010 síníodh conarthaí chun ionad nua 22 árasán do dhaoine scothaosta a thógaint in aice le hIonad Pobail Naomh Bríd.

An Tionscnamh Féin: Páirc Naomh Máirtín a Athfhorbairt
Fuair seacht dteaghlach áitreabh nua mar chuid den bpróíseas feabhais i 2020. Táthar ag plé na ceiste leo siúd atá fós ar an láthair agus leis na háisínteachtaí cuí chun teacht ar dhearadh oiriúnach sa cheantar do Chóiríocht Speisialta don Lucht Siúil.

An Tionscnamh Féin: Tionscnaimh Phobail/Shóisialta
Ar na tionscnaimh a fuair maoiniú le linn 2010 bhí:

- Foilsiú Féilire 2011
- Forbairt suíomh idirlín don bhfeabhas, www.mitchelsboherbeeregeneration.com
- Tionscnamh Pobail don Mhírmhaisiú
- 'A Photo tells a thousand Stories', tionscnamh a léirigh stair agus oidhreacht áitiúil
- Áiseanna cispheile i mBunscoil na Trócaire Tobar Maigh Doire
- Clár Spórt & Gníomhaíocht Fhisiciúil de chuid Tionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach/Bóthar Buí
- Athbhreithniú ar éifeachtúlacht & ar chur i gcrích na dtéarmaí tagartha agus an phlean feabhais

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Thrá Lí 2010

Bóithre & Iompar

Lean Comhairle Baile Thrá Lí den gclár um dhromchlaí bóithre agus feabhas ar chosáin le linn 2010 agus an maoiniú mar a leanas:

Blocdheontais: €410,000
Ár Stuaim Féin: €65,000

Athnuachan Cosán	Obair ar Dhromchlaí
Baile Riocaird	Fearann Stiofáin
Bailtíní Uí Rathaille/Sraid Rae	Sráid Mhuire
Ascaill Mhic Easmuinn	Cúirt Labhráis
Liosdara,	Bóthar John Joe Sheehy
Móin an Bháin	Eastát Bóthar na Spá
Páirc Uí Chonghaile	Úllord na Cloichir
Ráth Únáin,	Br na Grúdlainne
An Chlais Thoir	Br An Chlais
Páirc Uí Chathail	
Br na Grúdlainne	

- Píobáin agus Dromchlaí ag Ascaill Oakvilla, Páirc na Darach
- Cul Doire (an chuid atá laistigh den Teorann Bhaile) glasctha mar mhuirear
- Dáileadh €49,359 i 2010 chun rochtain mhíchumais a fheabhsú, mar shampla cosáin ísle ag Faiche an Ráchúsa agus ag sráidbhaile An Mhainéar.

Feabhas & Caomhnú Comhshaoil

Gradam 'Bonn Airgid' Bailte Slachtmhara do Thrá Lí

Don cheathrú bliain as a chéile i 2010 bhí baile Thrá Lí i measc na mbuaiteoirí sa Chomórtas Bailte Slachtmhara agus bonn airgid againn sa chatagóir do Bhailte Móra. Chuir an baile barr ar mharcanna na bliana seo caite agus 283 acu an turas so, gar go leor i gcónai do Bhonn Óir sa Chatagóir do Cheantracha Móra Uirbeacha.
De réir na dtuairiscí bhí scór ard ag Tra Lí don chuid is mó agus gnéithe áirithe molta go mór, mar shampla an Comhshaol Foirgníochta, Dreach ar Gharraíodóireacht, Dúlra agus Áiseanna Nádúrtha. Luadh le gradam freisin Páirc Dhíolacháin Mainéar Thiar, an gáirdín pobal ar Lana an Déanaigh i dTobar Naofa, an Gáirdín Rósanna, Bláthcheapach Pikeman agus Fuarán Ballyard.

Seirbhís Bhruscair agus Athchúrsala

I 2010 lean Comhairle Baile Thrá Lí da Seirbhís Bhruscair agus Athchúrsála, araid rotha don bhfuílleach tí agus mála plaisteacha bithruaillithe don ábhar tirim athchúrsala.
Rud a chuaigh i gcion ar an seirbhís ar ndóigh ná an líon mór conraitheoirí a tháinig isteach ar an gcúram agus margaí speisialta á n-ofráil acu do chustaiméirí.
Le linn 2010 bhailigh an Chomhairle 45,870 mála tirime athchúrsála agus b'shin 264 Thonna dramhaíola.
Bailíodh 4,450 Tonna fuílleach tí agus b'shin 101,233 ardú araidí i gcaitheamh na bliana.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Thrá Lí 2010

Páirc Castlemorris

D'oscail Méara Thrá Lí, An Comh A J Spring Páirc na Mílaoise i ar an 16 Iúil 2010. Tá an saothar lárnach i bhfoirm Colúr na Síochána déanta ag an ealaíontóir J J Sheehy. Tionscnamh Mílaoise ab ea é seo ar dtús agus beidh sé tábhachtach mar nasc ar Shiúlóid Cois abhann Ballyard-Baile Ó Síoda.

Páirc Ghleann na Laoi

Thosnaigh an obair ar Thionscnamh Ghleann na Laoi Thrá Lí. Síníodh an Conradh do Chéim a hAon le Conraitheoirí Uí Ghrifín Oileán Chiarraí ar an Luan 20 Mean Fómhair 2010.
Cosnóidh an tionscnamh úd €4.2m; tá Comhairle Baile Thrá Lí á phleanáil le fada agus é mar chuid lárnach de straitéis eicathuróisearachta Fáilte Éireann. Fuarthas maoiniú €3m ón Roinn Turasóireachta, Cultúir & Spóirt agus íocfaidh an Chomhairle an fuílleach. Táthar ag súil lena chríochnú faoi Bhealtaine 2011.

Cuibhrinn Phobail Lána an Déanaigh

D'oscail an tAire Tihíochta agus Seirbhísí Aitiúla, an tUas. Michael Finneran,TD na cuibhrinn áitiúla ar Lána an Déanaigh 16 Iúil agus iadsan mar chuid den dTionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach-Bóthar Buí.

Féile na mBláth

Tharla breis is 50 ócaid éagsúla mar chuid d'Fhéile na mBláth 2010. Ba é an Méara An Comh Terry O'Brien a d'oscail an Fhéile g hoifigiúil ar an Aoine 18 Meitheamh. Tá sé mar aidhm ag an bhféile léargas dearfach a thabhairt don phobal ar Fhaiche an Bhaile agus ar áiseanna eile i Lár bhaile Thrá Lí. Bíonn súil againn go mbainfidh idir mhuintir na háite agus cuairteoirí breis leasa astusan dá réir.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Thrá Lí 2010

Seirbhísí Uisce

Le linn 2010 leag Foireann Seirbhísí Uisce Chomhairle Baile Thrá Lí thart ar 1,250m príomhphíopaí nua in ionad seanphíopaí a bhí gan mhaith agus iad ag cruthú fadhbanna soláthair agus cáilíochta dá réir.
Ba iad priomhthionscnaimh na bliana na gur leagadh 500m píopaí nua 150mm ó Bhóthar Bhaile an Bhile go dtí Bóthar an Fhearas Cóireála Fuíollisce. Ar an gcuma san fuarthas réidh le seanphíopa a bhí ar Bhóthar na Spá in aice le Dramhaíol Uí hUgín.
Leagadh cuid eile príomhphíopaí 60m in ionad seanphíopaí luaidhe ag Ardán Pháirc na Darach. Ar Shráid anChaisleáin Íocht leagadh thart ar 120m mar a mbíodh seanphíopaí iarainn.
San áit ar leagadh príomhphíopaí nua cuireadh isteach ceangail nua leis na háitribh in aice leo agus boscaí teorann chun méadair a chur iontu. Cuireadh isteach hiodraint don chomhrac tine freisin sna ceantair chéanna.
Le linn na bliana d'éascaigh an Roinn Seirbhísí Uisce forbairt ar an mbaile trí cheithre cheangal nua uisce a sholáthar agus deisíodh breis is 150 ligean nó pléascadh i bpríomhphíopaí. Cuireadh i gcrích oibreacha in éineacht le tionscnamh Caomhnú Uisce na Comhairle Contae chun comhlaí laghdaithe brú a lonnu i gCloichir agus deineadh oibreacha chun píopaí a aimsiú agus a scaoileadh i mBungalónna Naomh Pádraig agus i gCorrán an Mhistéalaigh chun ligint dos na hoibreacha a bhaineann leis an gclár feabhais dul ar aghaidh.

Pleanáil & Forbairt

Iarratais Phleanála

Fuair Comhairle Baile Thrá Lí iomlán 83 iarratas pleanala le linn 2010, ní raibh ach 9 gcinn (10.84%) nach raibh bailí. Ba iad 108 n-iarratas agus 10 (9.3%) nach raibh bailí an da fhigiúr chéanna i 2010.

- Deonaithe 61
- Diúltaithe 13

Anailís

- Tithe Cónaithe agus Sínte san áireamh 29
- Tráchtáil 26
- Coimeádta 4
- Malairt úsáide 8
- Eile 7

Achomhairc

- Deineah achomhairc chuig An Bord Pleanála faoi ocht gcinn de chinntí i 2010.
- I gcúig chás aontaíodh leis an gComhairle
- I ndá chás níor aontaíodh leis an gComhairle
- Cás eile fós ar siúl ag deireadh na bliana

Forfheidhmiú Phleanála

- Fuarthas 56 ghearán nua
- Eisíodh 69 litir mar rabhadh
- Eisíodh11 cheann d'fhógraí forfheidhmithe

Ranníocaíochtaí Forbartha

- Ar an iomlán bailíodh €370,909

Suímh Thréigthe

- Baineadh10 n-áitreabh den Chlár Suíomh Tréigthe
- Eisíodh 43 Fhógra faoin Acht um Shuímh Thréigthe
- Táillí gearrtha ar thrí chinn d'áitribh

Muirear a Ghlacadh

- Ghlac Comhairle Baile Thrá Lí le heastát amháin mar mhuirear orthu féin
- Sé chinn d'iarratais faoi bhráid I láthair na huaire

Comhairle Baile Thrá Lí Airgeadas 2010

Caiteachas	2009	2010
CaiteachasIoncam Reatha	22,023,990	20,536,468
Caiteachas Caipitiúil	7,512,540	12,508,008
Ráta Bliantúil Luachála	**81.18**	**81.18**
Príomhfhoinsí Ioncam Reatha		**2010**
		€
Rátaí		6.4 m
Deontas ón Státchiste/Aisíocaíochtaí		4.0 m
Ciste Rialtas Áitiúil		2.7 m
Cíos Tithíochta		2.3 m
Muirir Pháirceála		1.7 m
Muirir Uisce/Fuíolluisce		1.0 m
Muirir Bhruscair		0.9 m
NPPR		0.5 m
Conláistí Cuairteoirí		0.2 m
Cúnamh d'Eagraíochtaí Áitiúla		**2010**
Coiste Feile Gáirdíní Trá Lí, Lá 'Le Pádraig, Féile Chiarraí, Amharclann Siamsa Tíre, Banna Piopaí agus Drumaí Thrá Lí, Féile Shindig, Gradaim Phobail Thrá Lí, Cumainn Áithritheoirí, Oideachas Saoil Chiarraí, Trá Lí Slachtmhar, Ionad Spórt agus Taitneamh Réigiún Trá Lí, Comhlacht Iarnród Gaile Thrá Lí An Daingean, Coiste Reilig Naomh Eoin, Tionscnamh Gáirdíní Pobail, Enable Ireland, Ionad Acmhainní Leanaí Thrá Lí, Oíche Chultúrtha, Saoire Thrá Lí, Cúnamh		170,700

Réamhrá ón Mhéara

Is cúis mhór áthais domsa gur iarradh orm mar Mhéara Baile Chill Airne an réamhra seo do Thuarascáil an Bliana a scríobh.

Is fíor a rá go raibh drochaimsir againn sa tír seo ag tús na bliana thar a bhfacamar le beagnach 50 bliain anuas. Bhí orainn go leir cur suas le staid na mbóithre, le ganntanas uisce, le sneacht trom agus leac oighir. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foirne Chomhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Baile Chill Airne as déileáil leis an géarchéim úd go héifeachtúil.

Cúis mhór bróin dúinn ár gcara dílis agus Comhghleacaí sa Chomhairle, An Comh Michael Courtney, a bheith ar shlí na fírinne mí Eanáir seo caite. Bhí Michael ina bhall de Chomhairle Baile Chill Airne le breis is 30 bliain agus é thar a bheith dílis do Chill Airne agus bródúil as an mbaile ar feadh a shaoil. Ba léir an méid sin agus ba léir an cion a bhí ag an bpobal air ón slua mór a bhí i láthair ag an sochraid. Comhthoghadh a mhac Hugh Courtney ar Chomhairle Baile Chill Airne mí na Márta.

D'éirigh go hiontach leis an gCoiste Killarney Looking Good le linn 2010. Mí an Mheithimh ainmníodh Cill Airne mar an Baile ab Fhearr Dreacha in Éirinn. Gaisce iontach ab ea an méid sin mar bronntar an Gradam as na 32 chontae ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ag Comhairle Conláistí an Tuaiscirt i gcomhar lena chéile.

Dhein Cill Airne go diail arís i gComórtas na mBailte Slachtmhara mar a bhfuaireamar Gradam an Chontae, BonnÓir don 10ú bliain as a chéile, an Gradam Réigiúnach agus an Gradam Bailte Móra. Ina theannta san go léir bhuaigh Cill Airne an Gradam Réigiúnach Aird ar an Dúlra – Gradam Bithéagsúlachta is gan ach marc amháin idir iad fein agus na buaiteoirí Tallanstown.

Is mian liom an dul chun cinn a thréaslú leis na tiománaithe fruilcharranna as málaí aoiligh a bheith faoi na capaill chun go mbeidh na sráideanna a choimeád glan. Is léir do chách idir mhuintir an bhaile aguscuairteoiri araon gur éirigh leis an mbeart úd. Bheartaigh cuid de na tiománaithe le chéile go gcaithfidís éide breá nua, seaicéad, léine is hata, agus iad i mbun oibre. Sampla maith is ea na fir sin mar tá sé seo go léir chun leas baile Chill Airne agus daoine ag cur le chéile ar a shon.

Go deireanach sa bhliain thosnaigh Comhairle Baile Chill Airne ag smaoineamh ar chóras teas ceantair ar a dtugtar Biomass. Smaoineamh iontach a bheadh ansiúd agus seans ag an mbaile úsáid breosla iontaise maraon le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Tá sé i gceist dul i ngleic leis an dtionscnamh úd chomh tapaidh agus is féidir.

Gabhaim buíochas le mo chomh-Chomhaiarleoirí, le foireann Comhairle Baile Chill Airne agus leis na grúpaí go léir a d'oibrigh linn ar feadh na bliana chun Baile Chill Airne a chur chun cinn.

Comh Donal Grady
Méara Chill Airne

Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Is mar Bhainisteoir Baile Chill Airne a chuirim i láthair Tuarascáil Bhliantúil 2010 ó Chomhairle Baile Chill Airne.

Is fíor go raibh an-chuid dúshlán romhainne i gComhairle Baile Chill Airne le blianta beaga anuas mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta idir dhomhanda agus áitiúil.

Dealraíonn sé go mairfidh na dúshláin chéanna go ceann i bhfad agus goraghaidh siad i bhfeidhm go leanúnach ar na cinntí a bheidh le tógaint againn mar Chomhairle. Anso caithfear aitheantas a thabhairt do shaothar na mball tofa mar is mór an cúnamh dúinn an meon dearfach a bhíonn acu i leith aon deacrachtaí.

É sin go léir ráite maidir le soláthar seirbhísí na Comhairle, fós féin is féidir a bheith dócasach faoi mhórán a thiteann amach. De bharr a a bhfuil déanta ag Comhairle Baile Chill Airne le linn 2010 tá feabhas mór ar an mbaile do chách idir mhuintir na háite agus cuairteoirí araon.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le cách a bhí bainteach in aon slí le Comórtas na mBailte Slachtmhara i mbaile Chill Airne, idir lucht gnó nó deonach, cumainn áitritheoirí agus daoine aonair. D'éirgh thar na bearta linn ar bhonn Náisiúnta mar is gnách linn anois nuair a bhuaigh Cill Airne an Gradam Réigiúnach Aird ar an Dúlra – Gradam Bithéagsúlachta is gan ach marc amháin idir sinne agus buaiteoirí an Ghradam Naisiunta.

Áilleacht an bhaile agus an dúthaigh máguaird a bhí le feiscint os comhair an tsaoil le linn Comórtas Oscailte na hÉireann, na sluaite tagtha anso agus Cill Airne á chur chun cinn mar phríomhláthair gailf agus turasóireachta na tíre. Beidh áthas orainn failtiú arís roimis an Comórtas Oscailte 2011. Cé nach mbeidh an príomhurraíocht againn an turas so, mar sin féin tá Cumann Lucht Tráchtála Chill Airne, an Chomhairle Baile, Fáilte Ireland agus mórán grupaí eile ar a ndícheall chun barr feabhais a bhaint amach arís I 2011.

Is fíor a rá go raibh saothar iontach dearfach ar siúl ag foireann Chomhairle Baile Chill Airne agus an drochaimsir a bhí againn ag tús agus deireadh na bliana. Molaim iad go léir agus gabhaim buíochas leo agus le muintir an bhaile as a bheith foighneach leis an ngéarchéim úd.

Anois caithfimid cuimhneamh ar ár gcomhghleacaí An Comh Michael Courtney atá ar shlí na fírinne. Ceannaire iontach i gCill Airne ab ea é agus ní féidir a dhearmad a bhfuil déanta aige ar son an bhaile seo. Ní fhéadfaí réimse amháin dá chuid dílseachta a roghnú thar an méid ar fad, ach dom féin go pearsanta, b'aoibhinn liom i gcónaí an bheocht agus an fuinneamh a rug sé isteach i Mórshiúl na Féile Pádraig bliain i ndiaidh bliana gan teip.

Braithfimid uainn go léir Michael, a chlann féin ar dtús ar ndóigh agus a chairde ar Chomhairle Baile Chill Airne. Fáiltímid roimis a mhac Hugh isteach sa tseomra agus a fhios againn gur dual athar dó a leithéid de shaothar a chur i gcrích.

Táim lanchinnte go leanfar den chomhoibriú a bhíonn ar bun eadrainn i gCill Airne, idir Chomhairle agus pobal an bhaile, chun mianach an bhaile agus deiseanna don todhchai a bhaint amach.

John Breen
Bainisteoir Baile Chill Airne

Baill Comhairle Baile Chill Airne

Comhairle Baile Chill Airne

Comh Sean Counihan (Lab)

Comh Hugh Courtney

Comh Tom Doherty (FF)

Comh Michael Gleeson (SKIA)

Comh Donal Grady

Comh Niall O'Callaghan

Comh John O'Donoghue (FF)

Comh Sean O'Grady (Lab)

Comh Cathal Walshe (FG)

Fáiltithe Cathartha 2010

Dáta	Pearsa/Grúpa
26/02/2010	Paul Nagle mar aitheantas dá chuid gaiscí san Dúshlán Slógadh Idirnáisiúnta (IRC)
17/03/2010	Michael Fassbender an t-aisteoir cruthanta mar aitheantas don chlú is cáil atá bainte amach aige
02/11/2010	Daniel O'Sullivan mar aitheantas dá chuid gaiscí i gCraobh DomhandaTaekwondo
04/11/2010	Cumann Ceoil Chill Airne toisc iad a bheith 21 bliain ar an saol i mbliana
Gradam Ambasadóra	
30/11/2010	Liam O'Connor mar aitheantas dá chuid gaiscí ceoil agus as Cill Airne a chur os comhair an domhain
Fáilte Chathartha	
27/02/2010	Comhdháil Bhliantúil Músaem na hÉireann ar an Ócáid a bheith i gCill Airne
05/09/2010	Grúpa 'Meet in Killarney ' le linn turas muintearais Fáilte Ireland go Chiarraí
13/11/2011	An Dá Chlann Derry & Sands (Chevalier) le linn an 3ú Comóradh ar an Mons Hugh O'Flaherty

Baill na mBord/na gCoistí 2010

Cumann Údarás Áitiúla na hÉireann	**Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí**
Comh. Sean Counihan Comh. Sean O'Grady	Comh. Michael Courtney Fr. Nicholas Flynn
Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	**Fochoiste um Cheisteanna Míchumais**
Comh. Sean O'Grady	Comh. Sean O'Grady Comh. Tom Doherty
Coiste Onóracha	**Meitheal Chill Airne**
Comh. Sean Counihan Comh. Hugh Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Cathal Walshe	Comh. Hugh Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Niall O'Callaghan
Coiste Nasctha Bailte	**Fochoiste Tionsclaíoch**
Comh. Sean Counihan Comh. Hugh Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Niall O'Callaghan Comh. John O'Donoghue Ms. Sheila Casey Ms. Sheila Dickson Mr. Tony Kenny Mr. Brian O'Leary	Comh. Sean Counihan Comh. Tom Doherty Comh. Donal Grady Comh. Sean O'Grady Comh. John O'Donoghue Mr. Brian O'Leary
Stiúrthóir Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo	**Coiste Teagmhála an Phairc Náisiúnta**
Comh. Donal Grady	Mr. Brian O'Leary
Coistí Polasaí Straitéiseacha	
Economic, Planning & Development SPC Comh. Cathal Walshe	Housing SPC Comh. Sean O'Grady
Stiúrthóir Núáil Teicneolaíochta Chill Airne	**Meitheal Locha Léin**
Comh. Sean Counihan	Comh. Sean O'Grady
Arts Committee	**Coiste Teagmhála Drugaí Chill Airne**
Comh. Sean O'Grady Comh. John O'Donoghue Ms. Sheila Dickson	Comh. Sean O'Grady, Comh. Donal Grady Comh. Tom Doherty Comh. Cathal Walshe
Comhar Spóirt & Fóillíochta Chiarrai	**Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil**
Comh. Tom Doherty	Comh. Donal Grady
Comhchoiste Póilíneachta	
Comh. Sean Counihan Comh. Hugh Courtney Comh. Tom Doherty Comh. Michael Gleeson Comh. Donal Grady Comh. Niall O'Callaghan	Comh. John O'Donoghue Comh. Sean O'Grady Comh. Cathal Walshe Deputy Tom Sheahan Senator Paul Coghlan Senator Mark Daly

Comhdhálacha/Seimineáir ag a raibh Comhairleoirí i 2010

Comhdháil/Seimineár	Láthair	Líon
Comhdháil an Earraigh AMAI Spring Seminar	Óstán Sligo Park, Sligeach	2
Seimineár Oiliúna – 'Alcól, Drugaí, Sláinte & Sabháilteacht'	Óstán Raheen House, Cluain Meala	1
